



Tuairisc Fhóram Fiontraíochta na Mí
(Meath Gaeltacht Enterprise Forum Report)
2019–2021



Údarás na Gaeltachta

2019

Table of Contents

1.	Report, Findings & Recommendations of Fóram Fiontraíochta na Mí	
1.1	Background	2
1.2	Challenges, Opportunities and Potential	2
1.3	Key Findings	3
1.4	Key Recommendations	3
2.	Action Plan	4
2.1	Infrastructure	4
2.2	Supports and Skills	4
2.3	Cultural/Linguistic Tourism	5
2.4	Profile of the Meath Gaeltacht	6
3.	Context	
3.1	Terms of Reference	7
3.2	Programme of Work	7
4.	A Snapshot of the Meath Gaeltacht	9
4.1	Context	9
4.2	Irish Language	9
4.3	Socio Economic Profile	10
4.4	Current Employment Profile	11
4.5	Travelling for Work	12
4.6	Business in the Meath Gaeltacht	12
4.7	Business Infrastructure	13
4.8	Financial Incentives and Support	13
4.9	Economic Development Strategy for County Meath 2014-2022	14
4.10	Enterprise Development and Job Creation Challenges	14
4.11	Social and Cultural Infrastructure	15
4.12	Targeted Sectors	15
	4.12.1 Tourism	16
	4.12.2 Agri-Food	17
	4.12.3 Engineering	17
	4.12.4 Tech	18
4.13.	Implementation	18
	Appendix 1	19

Clár na nÁbhar

1.	Tuairisc, Torthaí & Moltaí Fhóram Fiontraíochta na Mí	
1.1	Cúlra	2
1.2	Dúshláin, Deiseanna agus Poitéinseal	2
1.3	Príomhthorthaí	3
1.4	Príomh-mholtaí	3
2.	Plean Gníomhaíochta	4
2.1	Bonneagar	4
2.2	Tacaíochtaí agus Scileanna	4
2.3	Turasóireacht Chultúrtha/Theangeolaíoch Cultural/Linguistic Tourism	5
2.4	Próifíl Ghaeltacht na Mí	6
3.	Comhthéacs	
3.1	Téarmaí Tagartha	7
3.2	Clár Oibre	7
4.	Sracfhéachaint ar Ghaeltacht na Mí	9
4.1	Comhthéacs	9
4.2	An Ghaeilge	9
4.3	Próifíl Shocheacnamaíoch	10
4.4	Próifíl Reatha Fostaíochta	11
4.5	Taisteal don Obair	12
4.6	Gnó i nGaeltacht na Mí	12
4.7	Bonneagar Gnó	13
4.8	Dreasachtaí agus Tacaíocht Airgid	13
4.9	Straitéis Forbartha Geilleagraí do Chontae na Mí 2014–2022	14
4.10	Forbairt Fiontair agus Dúshláin roimh Phoist a Chruthú	14
4.11	Bonneagar Sóisialta agus Cultúrtha	15
4.12	Spríoc-Earnálacha	15
	4.12.1 Turasóireacht	16
	4.12.2 Gnó Agraibhia	17
	4.12.3 Innealtóireacht	17
	4.12.4 Teicneolaíocht	18
4.13.	Feidhmiú	18
	Aguisín 1	19

1. Report, Findings & Recommendations of Fóram Fiontraíochta na Mí

1.1 Background

A fact-finding visit to local enterprises and companies in the County Meath Gaeltacht by board members of Údarás na Gaeltachta in the summer of 2017 recommended that a strategic review of the challenges and opportunities for business in the area be completed.

The board of Údarás na Gaeltachta subsequently approved the establishment of an Enterprise Forum for the area to research and assess opportunities for development and employment.

The aim of this enterprise action group was to place a new focus on a framework to build, develop and attract greater attention to Ráth Chairn / Baile Ghib, a Gaeltacht area in close proximity to Dublin, as a competitive and successful region for job creation.

The initial aims of the fóram on its establishment included:

- Research existing resources/possibilities/opportunities in the area by engaging with local entrepreneurs, community committees, language-based organisations and other relevant parties.
- Assess the results of the research and promote recommendations on the most appropriate ways to create employment in the Meath Gaeltacht area.
- Collation of a range of priority activities through a 3-year strategy for the Ráth Chairn/Baile Ghib area together with a specific budget to implement this strategy.

A collaborative and coordinated approach was adopted for the Fóram which under the stewardship of Údarás na Gaeltachta included organisations such as Meath County Council, SOLAS, the Louth and Meath Education and Training Board/Regional Skills Fora, the IDA, Enterprise Ireland, Maynooth University, the Department of Employment Affairs and Social Protection, the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht along with business and community representatives in its membership.

The Government Chief Whip and the Minister of State with responsibility for Gaeilge, the Gaeltacht and the Islands Joe McHugh, TD., officially launched Fóram Fiontraíochta na Mí (Meath Gaeltacht Enterprise Forum) in Ráth Chairn on 30 November 2017 when it had its inaugural meeting.

1.2 Challenges, Opportunities and Potential

The consultation process with stakeholders, both local, regional and national, and fóram members highlighted low unemployment levels and a number of excellent businesses operating very successfully in the area. The significant public and private investment made in business infrastructure in the area to date, was recognised by the Forum, however current infrastructural deficits, the limited supply of talent and a weakened entrepreneurial base were outlined as some of the main issues that would impede the economic development of the area. Sustaining current employment levels, developing new industries/employment prospects and the need to exploit the opportunities of this unique Gaeltacht, within an hour commute of the Greater Dublin Metropolitan area, was the primary focus of the fóram in forming its key findings and recommendations as set out in this report.

The key findings and recommendations of Fóram Fiontraíochta na Mí look to address identified deficits and also propose key actions to ensure by their implementation, further investment in physical infrastructure, the development of local based entrepreneurs and to address talent/skills gaps within the labour force to meet employers' needs within the area.

1. Tuairisc, Torthaí & Moltaí Fhóram Fiontraíochta na Mí

1.1 Cúlra

Tar éis cuairt bailithe eolais ar fhiontair agus ar chomhlachtaí áitiúla i nGaeltacht na Mí ag comhaltaí boird Údarás na Gaeltachta le linn shamhradh 2017 moladh go ndéanfaí athbhreithniú straitéiseach ar na dúshláin agus ar na deiseanna do ghnóthaí sa cheantar.

Thug Bord Údarás na Gaeltachta ceadú ina dhiaidh sin go mbunófaí Fóram Fiontraíochta don cheantar chun taighde agus measúnú a dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh forbartha agus fostaíochta.

Ba é aidhm an ghrúpa gníomhaíochta fiontair seo ná fócas nua a dhíriú ar chreatlach a fhorbairt chun Ráth Chairn/Baile Ghib, ceantar Gaeltachta atá gar do Bhaile Átha Cliath, a thógáil, a fhorbairt agus aird níos fearr a mhealladh mar réigiún iomaíoch agus rathúil do chruthú post.

Bhí na haidhmeanna tosaigh seo a leanas ag an bhfóram nuair a bunaíodh é:

- Taighde a dhéanamh ar na hacmhainní, féidearthachtaí agus deiseanna reatha sa cheantar trí chaidreamh a dhéanamh le fiontraithe áitiúla, coistí pobail, eagraíochtaí teangabhunaithe agus páirtithe leasmhara eile.
- Measúnú a dhéanamh ar thorthaí an taighde agus moltaí a chur chun cinn i leith na mbealaí is oiriúnaí chun fostaíocht a chruthú i gceantar Ghaeltacht na Mí.
- Réimse gníomhaíochtaí tosaíochta a chur i dtoll a chéile trí straitéis 3 bliana do cheantar Ráth Chairn/Baile Ghib, in éineacht le buiséad sonrath chun an straitéis seo a fheidhmiú.

Mar chuid den chur chuige comhoibríoch agus comhordaithe don Fhóram, faoi mhaoirseacht Údarás na Gaeltachta, bhí eagraíochtaí ina gcomhaltaí ann, amhail Comhairle Contae na Mí, SOLAS, Bord Oideachais agus Oiliúna an Lú agus na Mí/Fórait Réigiúnacha Scileanna, an tÚdarás Forbartha Tionscail, Fiontraíocht Éireann, Ollscoil Mhá Nuad, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, chomh maith le hionadaithe gnó agus pobail.

Ba é Príomhaoire an Rialtais agus an tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Joe McHugh, T.D., a sheol Fóram Fiontair Ghaeltacht na Mí go hoifigiúil i Ráth Chairn ar an 30 Samhain 2017 tráth a reáchtáladh a chéad chruinniú.

1.2 Dúshláin, Deiseanna agus Poitéinseal

Mar gheall ar an bpróiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí, idir gheallsealbhóirí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, agus le comhaltaí an fhórait, tarraingíodh aird ar an leibhéal íseal dífhostaíochta sa cheantar agus an líon gnóthaí den chéad scoth a bhí ag feidhmiú go rathúil sa cheantar. D'aithin an Fóram an infheistíocht shuntasach phoiblí agus phríobháideach sa bhonneagar gnó sa cheantar go dtí seo, ach rinneadh achoimre, áfach, ar na heasnamh reatha bhonneagair, an easpa soláthair tallainne agus an bonn lagaithe fiontraíochta mar chuid de na príomhdheacrachtaí a chuirfeadh bac ar fhorbairt gheilleagrach an cheantair. Agus a phríomhthorthaí agus a phríomh-mholtaí á gcur le chéile, mar atá leagtha amach sa tuairisc seo, ba é an príomhfócas don fhóram ná an leibhéal reatha fostaíochta a choinneáil, tionscail/féidearthachtaí fostaíochta nua agus an gá le tairbhe a bhaint as deiseanna na Gaeltachta uathúla seo a fhorbairt, Gaeltacht atá i bhfoisceacht turas uair an chloig ó Mhórcheantar Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tugann príomhthorthaí agus príomh-mholtaí Fhóram Fiontair Ghaeltacht na Mí aghaidh ar na heasnamh sainaitheanta agus molann príomhghníomhaíochtaí a fheidhmiú a chinnteodh breis infheistíochta sa bhonneagar fisiciúil, forbairt ar fhiontraithe atá bunaithe go háitiúil agus aghaidh a thabhairt ar an easnamh tallainne/scileanna san fhórsa saothair chun freastal ar riachtanais fostóirí sa cheantar.

1.3 Key Findings

1. The need to provide/develop modern facilities to support the needs of entrepreneurs, innovators, start-ups and remote workers in a digital age;
2. The need to attract talent and upskill the labour force in identified sectors;
3. The need to further capitalise on the wealth of the Irish language, culture and heritage of this Gaeltacht community to support and progress the Community and its activities;
4. The need to promote this Gaeltacht to potential entrepreneurs/expanding businesses to locate to the area and support their development and growth.

The fóram also identified several sectors as having high potential and appropriate business models to enable the establishment of successful enterprises in the Meath Gaeltacht. The target sectors are:

- Cultural Tourism;
- Engineering;
- Agri-Food,
- Tech

The action plan resulting from the work of the fóram and this report aims to attract Entrepreneurs and/or established Enterprises to the Meath Gaeltacht to set up sustainable businesses that will drive the creation of additional jobs over 3 years (2019 – 2022).

1.4 Key Recommendations

1. To develop enterprise space and in particular a **gteic** innovation and digital hub as part of Údarás na Gaeltachta's 'Gréasán Digiteach na Gaeltachta' (gteic) to accommodate entrepreneurs, innovators, concept developers, start-ups and especially remote workers.
2. To develop, support and promote bespoke Cultural/Linguistic tourism plan and products for the Meath Gaeltacht in conjunction with local providers, Meath County Council, Fáilte Éireann and appropriate regional agencies.
3. To continue to engage with employers (current and future) in the completion of comprehensive skills audits to establish any current skills requirements and to outline future skills needs in order that appropriate training courses are provided to ensure the supply of appropriate skills in the area.
4. To raise the profile of the Meath Gaeltacht, as a place to locate and develop a business in order to attract entrepreneurs/expanding enterprises to establish and develop their businesses thus creating an additional 60 jobs over 3 years (2019-2022).
5. To establish a Community Development Assembly (Tionól Forbartha Pobal Ghaeltacht na Mí) to support the various community groups within the Meath Gaeltacht.

1.3 Príomhthorthaí

1. An gá le háiseanna nua-aimseartha a sholáthar/a fhorbairt chun tacú le riachtanais fiontraithe, lucht nuálaíochta, comhlachtaí nua-thionscanta agus cianoibrithe i ré na digiteachta;
2. An gá le tallann a mhealladh agus an fórsa saothair a uasoiliúint in earnálacha sainaitheanta;
3. An gá leis an deis a thapú tuilleadh ar shaibhreas na Gaeilge, an chultúir agus na hoidhreachta sa bpobail Gaeltachta seo chun tacú leis an bPobal féin agus lena chuid gníomhaíochtaí agus iad a chur chun cinn;
4. An gá leis an nGaeltacht seo a chur chun cinn i measc fiontraithe féideartha/gnóthaí i mbun leathnaithe chun lonnú sa gceantar agus tacú lena bhforbairt agus lena bhfás.

D'aithin an fóram roinnt earnálacha mar earnálacha a bhfuil cumas ard agus múnlaí gnó oiriúnacha iontu chun bunú fiontar rathúil i nGaeltacht na Mí a chumasú. Is iad na sprioc-earnálacha ná:

- An Turasóireacht Chultúrtha;
- An Innealtóireacht;
- Gnóthaí Agraibhia;
- Teicneolaíocht

Tá sé mar aidhm ag an bplean gníomhaíochta a eascraíonn ó obair an fhórait agus ón tuairisc seo fiontraithe agus/nó fiontair bhunaithe a mhealladh go Gaeltacht na Mí chun gnóthaí inbhuanaithe a bhunú a bhrúfaidh cruthú post breise chun cinn thar 3 bliana (2019–2022).

1.4 Príomh-mholtaí

1. Spás fiontraíochta a fhorbairt, go háirithe mol nuálaíochta agus digiteach **gteic** mar chuid de 'Gréasán Digiteach na Gaeltachta' (gteic) Údarás na Gaeltachta chun freastal ar fhiontraithe, lucht nuálaíochta, forbróirí coincheapanna, comhlachtaí nua-thionscanta agus cianoibrithe go háirithe.
2. Chun plean agus táirgí saincheaptha turasóireachta cultúrtha/teangeolaíoch a fhorbairt, tacú leo agus a chur chun cinn le haghaidh Ghaeltacht na Mí, i gcomhar le soláthraithe áitiúla, Comhairle Contae na Mí, Fáilte Éireann agus gníomhaireachtaí réigiúnacha cuí.
3. Chun leanacht de bheith i dteagmháil le fostóirí (reatha agus amach anseo) ó thaobh iniúchtaí cuimsitheacha scileanna a dhéanamh d'fhonn aon riachtanais reatha scileanna a dheimhniú agus achoimre a dhéanamh ar riachtanais scileanna amach anseo chun go gcuirfí cúrsaí oiriúnacha oiliúna ar fáil chun an soláthar scileanna oiriúnacha sa cheantar a sholáthar.
4. Chun cur le próifíl Ghaeltacht na Mí, mar áit chun gnó a lonnú agus a fhorbairt ann d'fhonn fiontraithe/fiontair i mbun leathnaithe a mhealladh ann chun a ngnóthaí a bhunú agus a fhorbairt, agus dá réir 60 post breise a chruthú thar 3 bliana (2019–2022).
5. Tionól Forbartha Pobail do Ghaeltacht na Mí a bhunú chun tacú leis na grúpaí éagsúla pobail i nGaeltacht na Mí.

2. Action Plan

2.1 Infrastructure

Action	Supporting Partners	Target	Responsible
Investigate the feasibility of establishing an 'interim' gteic innovation & digital hub in the area to assess demand and needs of potential users (entrepreneurs and remote workers)	Local Enterprises / Comharchumann Ráth Chairn	Year 1	ÚnaG
Prepare a planning application (including capital funding approval of €30k from ÚnaG Board) to develop a permanent gteic innovation and digital hub for the Meath Gaeltacht on ÚnaG owned lands	Meath CoCo / Comh. Ráth Chairn	Year 2	ÚnaG
Identify appropriate funding sources and prepare comprehensive applications for provision of gteic innovation & digital hub including RRDF/REDF funds	Department of Community & Rural Development / Meath LEO	Year 3	ÚnaG
Develop a network of innovative co-working spaces in collaboration with Mid East Region and other stakeholders including preparation of appropriate funding applications– RRDF/REDF	ÚnaG/LEO/Other Stakeholders	Year 2&3	Meath LEO / ÚnaG / EI
Conduct a land bank survey and needs assessment of the Meath Gaeltacht with a view to identifying potential enterprise spaces and locations	Meath County Council	Year 1	ÚnaG
Investigate the feasibility of the development of Ionad Oidhreacht Bhaile Ghib including developing appropriate funding proposals	Meath CoCo / Comh Ráth Chairn	Year 1-3	ÚnaG
Continue to redevelop the ÚnaG facility in Baile Ghib for a new HPSU venture.	Meath Co Co	Year 1	ÚnaG

2.2 Supports and Skills

Action	Supporting Partners	Target	Responsible
Allocate a dedicated resource within ÚnaG to support the Meath Gaeltacht Community and Enterprises and their activities	Comharchumann Ráth Chairn / Local Clientcompanies	Year 1	ÚnaG
Provide general training / upskilling to prepare the labour force for future employment opportunities in target sectors eg: Food & Beverage - HACCP Engineering - Toolmakers/Technicians Tourism - FETAC Tourism Tech - Software & VR/AR	ÚnaG / Local Businesses & Enterprises / Meath LEO	Year 2	Regional Skills Forum / Meath ETB / Skillsnet
Promote and provide entrepreneurship training through the New Frontier Programme and other programmes	Enterprise Ireland / Meath LEO	Year 2	ÚnaG / Athlone IT
Develop and support business networks for entrepreneurs	Enterprise Ireland / IDA / Navan Chamber of Commerce	Year 2	ÚnaG / Meath LEO
Provide mentoring service to start-ups and developing enterprises	Enterprise Ireland	Ongoing	ÚnaG / Meath LEO
Support new food&drink sector companies to develop markets and create mutually beneficial linkages within the Boyne Valley Food Innovation District	Meath LEO / Enterprise Ireland	Year 2&3	ÚnaG

2. Plean Gníomhaíochta

2.1 Bonneagar

Gníomh	Páirtithe Tacaíochta	Spríoc	Freagracht
Fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht le mol nuálaíochta & digiteach gteic 'eatramhach' a bhunú sa cheantar le measúnú a dhéanamh ar an éileamh agus ar na riachtanais i measc úsáideoirí féideartha (fiontraíthe agus cianoibrithe)	Fiontair Áitiúla / Comharchumann Ráth Chairn	Bliain 1	ÚnaG
Iarratas pleanála a ullmhú (lena n-áirítear ceadú ó Bhord ÚnaG ar mhaoiniú caipitil €30k) chun mol nuálaíochta agus digiteach buan gteic a fhorbairt le haghaidh Ghaeltacht na Mí ar thailte faoi úinéireacht an Údaráis	Comhairle Contae na Mí / Comh. Ráth Chairn	Bliain 2	ÚnaG
Foinsí maoinithe cuí a shainaithint agus iarratais chuimsitheacha a ullmhú chun mol nuálaíochta agus digiteach gteic a chur ar fáil, lena n-áirítear cistí CAFT/CFRR (RRDF/REDF)	Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail / OFÁ na Mí	Bliain 3	ÚnaG
Líonra spásanna oibre comhionaid a fhorbairt i gcomhar le geallsealbhóirí i Réigiún an Lár-Oirthir agus geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear iarratais maoinithe oiriúnacha a ullmhú – CAFT/CFRR	ÚnaG / OFÁ / Geallsealbhóirí Eile	Bliain 2 & 3	OFÁ na Mí / ÚnaG / FÉ
Suirbhé bunachair talún agus measúnú riachtanas a dhéanamh ar Ghaeltacht na Mí d'fhonn spásanna agus láithreacha féideartha fiontraíochta a shainaithint	Comhairle Contae na Mí	Bliain 1	ÚnaG
Fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht le forbairt a dhéanamh ar Ionad Oidhreacht Bhaile Ghib, lena n-áirítear tograí maoinithe oiriúnacha a fhorbairt	Comhairle Contae na Mí / Comh. Ráth Chairn	Bliain 1-3	ÚnaG
Leanúint leis an athfhorbairt ar áis ÚnaG i mBaile Ghib le haghaidh fiontar Gnólachta Nua-Thionscanta Ardchumais	Comhairle Contae na Mí	Bliain 1	ÚnaG

2.2 Tacaíochtaí agus Scileanna

Gníomh	Páirtithe Tacaíochta	Spríoc	Freagracht
Acmhainn thiomnaithe in ÚnaG a shannadh chun tacú le Pobal agus Fiontair Ghaeltacht na Mí agus lena ngníomhaíochtaí	Comharchumann Ráth Chairn / Cliantchomhlachtaí Áitiúla	Bliain 1	ÚnaG
Oiliúint ghinearálta / uasoiliúint a chur ar fáil chun an fórsa saothair a ullmhú le haghaidh deiseanna fostaíochta amach anseo i spríoc-earnálacha, mar shampla: Bia & Deoch - AGPRC Innealtóireacht - Uirliseoirí/Teicneoirí Turasóireacht - Turasóireacht FETAC Teicneolaíocht - Bogearraí & RF/RB (AR/VR)	ÚnaG / Gnóthaí & Fiontair Áitiúla / OFÁ na Mí	Bliain 2	Fóram Réigiúnach Scileanna / BOO na Mí / Skillsnet
Oiliúint fiontraíochta a chur chun cinn agus a chur ar fáil tríd an gclár 'New Frontiers' agus cláir eile	Fiontraíocht Éireann / BOO na Mí	Bliain 2	ÚnaG / IT Bhaile Átha Luain
Líonraí gnó d'fhiontraíthe a fhorbairt agus tacú leo	Fiontraíocht Éireann / ÚFT / Comhlachas tráchtála na hUaimhe	Bliain 2	ÚnaG / OFÁ na Mí
Seirbhís Meantóireachta a chur ar fáil do chomhlachtaí nuabhunaithe & fiontair i mbun forbartha	Fiontraíocht Éireann	Idir lámha	ÚnaG / OFÁ na Mí
Tacú le comhlachtaí nua san earnáil bia agus dí margai nua a fhorbairt agus naisc a chruthú laistigh de Cheantar Nuálaíochta Bia Ghleann na Bóinne a bheadh tairbhiúil do gach páirtí	OFÁ na Mí / Fiontraíocht Éireann	Bliain 2 & 3	ÚnaG

Tuirisc Fhóram Fiontraíochta na Mí (Meath Gaeltacht Enterprise Forum Report)

Complete a comprehensive skills audit with local businesses to establish any current skills requirements and to outline future skills needs	Local Enterprises / ÚnaG	Years 1, 2 & 3	Regional Skills Forum
Develop, plan and provide tailored training courses to ensure the supply of appropriate skills in the area as identified in various skills audits and nominated growth sectors.	ÚnaG / Local Enterprises / Skillsnet / Meath ETB	Ongoing	Regional Skills Forum
Actively promote the availability of traditional and next generation apprenticeships and including ÚnaG apprenticeship scholarship scheme	Solas / Meath ETB / Apprenticeships Ireland	Ongoing	ÚnaG
Continue to support eligible businesses to develop innovative products & services and to expand into new markets with increased export sales	Local Enterprises / Enterprise Ireland	Ongoing	ÚnaG
Provide ongoing advice, mentoring and support to all client companies to prepare for the challenges and opportunities of Brexit	Local Enterprises / Enterprise Ireland / Meath LEO	Year 1&2	ÚnaG

2.3 Cultural/Linguistic Tourism

Action	Supporting Partners	Target	Responsible
Support a Tourism Development Officer post within Comharchumann Ráth Chairn under the ÚnaG Tourism Management Development Scheme	Comharchumann Ráth Chairn / Fáilte Ireland / Boyne Valley Tourism	Year 1	ÚnaG
Actively engage with existing service providers to collaborate with new and existing providers at a local, regional and national level to develop tourism products for the local, national and international tourism market.	Comharchumann Ráth Chairn / Meath CoCo / Fáilte Ireland / Boyne Valley Tourism	Year 1	ÚnaG
Arrange a series of workshops/seminars to develop new and innovative tourism product offerings based on the cultural and linguistic wealth of the community.	Comharchumann Ráth Chairn / Meath CoCo / Fáilte Ireland / Boyne Valley Tourism	Year 1	ÚnaG / Comh. Ráth Chairn
Develop, support and promote a bespoke Tourism Development Plan for the Meath Gaeltacht, complementing the Meath Tourism Strategy (2016-2020) in conjunction with service providers and appropriate regional agencies	Comharchumann Ráth Chairn / Meath CoCo / Fáilte Ireland / Boyne Valley Tourism	Year 2	ÚnaG
Engage with all appropriate bodies and partners in the development of the next Meath Tourism Strategy	ÚnaG/Comh. Ráth Chairn/Boyne Valley Tourism	Year 2	Meath CoCo
Support the development of Cultural/Linguistic tourism products for the Meath Gaeltacht in conjunction with appropriate stakeholders	Local service providers, Comh. Ráth Chairn, Meath County Council, Fáilte Éireann and appropriate regional agencies.	Year 1&2	Comh. Ráth Chairn / ÚnaG
Support the new Fáilte Éireann funded Tourism project- 'Samhain/Púca' event and enhance the opportunities for the Meath Gaeltacht created by this new project	ÚnaG/Comharchumann Ráth Chairn/Boyne Valley Tourism	Ongoing	Fáilte Éireann / Meath CoCo
Support Comharchumann Ráth Chairn in the development of Ionad Oidhreachta Ráth Chairn as approved under the Town & Village Renewal Scheme	ÚnaG / Comh. Ráth Chairn	Year 1, 2&3	Meath CoCo
Actively engage with providers of accommodation, in the Meath Gaeltacht, its service towns and surrounding area to facilitate the continued growth of current successful Irish language festivals (Féile	ÚnaG/Comharchumann Ráth Chairn/Boyne Valley Tourism	Year 2	Comh. Ráth Chairn

Iníúchadh cuimsitheach scileanna a dhéanamh le gnóthaí áitiúla chun riachtanais reatha scileanna a dheimhniú agus imlíne ar riachtanais scileanna an todhchaí	Fiontair Áitiúla / ÚnaG	Bliain 1, 2 & 3	Fóram Réigiúnach Scileanna
Sainchúrsaí oiliúna a fhorbairt, a phleanáil agus a chur ar fáil chun an soláthar scileanna oiriúnacha sa cheantar a chinntiú, mar a shaináithnítear sna hiniúchtaí éagsúla scileanna agus sna hearnálacha fáis ainmnithe.	ÚnaG / Fiontair Áitiúla / Skillsnet / BOO na Mí	Idir lámha	Fóram Réigiúnach Scileanna
Printíseachtaí traidisiúnta agus printíseachtaí na chéad ghlúine eile a chur chun cinn go gníomhach, lena n-áirítear scéim scoláireachtaí printíseachta ÚnaG	Solas / BOO na Mí / Printíseachtaí Éireann	Idir lámha	ÚnaG
Leanúint le tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí incháilithe táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt agus leathnú isteach i margaí nua le méadú i ndíolacháin easpórtála	Fiontair Áitiúla / Fiontraíocht Éireann	Idir lámha	ÚnaG
Comhairle, meantóireacht agus tacaíocht leanúnach a thabhairt don uile chliantchomhlacht chun ullmhú le haghaidh dhúshláin agus dheiseanna an Bhreitheachta	Fiontair Áitiúla / Fiontraíocht Éireann / OFÁ na Mí	Bliain 1 & 2	ÚnaG

2.3 Turasóireacht Chultúrtha/Theangeolaíoch

Gníomh	Páirtithe Tacaíochta	Sprioc	Freagracht
Tacaíocht a thabhairt do Phost Oifigigh Forbartha Turasóireachta taobh istigh de Chomharchumann Ráth Chairn faoi Scéim Forbartha Bainistíochta Turasóireachta Údarás na Gaeltachta	Comharchumann Ráth Chairn / Fáilte Éireann / Turasóireacht Ghleann na Bóinne	Bliain 1	ÚnaG
Caidreamh gníomhach a bhunú le soláthraithe reatha seirbhísí chun comhoibriú a dhéanamh le soláthraithe nua & reatha ag leibhéal áitiúil, réigiúnach & náisiúnta chun táirgí turasóireachta a fhorbairt don mhargadh turasóireachta áitiúil, náisiúnta & idirnáisiúnta.	Comh. Ráth Chairn / Co Co na Mí / Fáilte Éireann / Turasóireacht Ghleann na Bóinne	Bliain 1	ÚnaG
Sraith ceardlann/seimineár a eagrú chun tairiscintí táirgí turasóireachta nua agus nuálacha a fhorbairt bunaithe ar shaibhreas cultúrtha agus teangeolaíoch an phobail.	Comh Ráth Chairn / Co Co na Mí / Fáilte Éireann / Turas. Ghleann na Bóinne	Bliain 1	ÚnaG / Comh. Ráth Chairn
Plean Forbartha Turasóireachta saincheaptha a fhorbairt do Ghaeltacht na Mí, tacú leis & é a chur chun cinn, a thagann le Straitéis Turasóireachta na Mí (2016–2020), i gcomhar le soláthraithe seirbhíse & gníomhaireachtaí oiriúnacha réigiúnacha	Comh. Ráth Chairn / CoCo na Mí / Fáilte Éireann / Turasóireacht Ghleann na Bóinne	Bliain 2	ÚnaG
Caidreamh a bhunú leis na comhlachtaí agus páirtithe oiriúnacha uile i bhforbairt na chéad Straitéise Turasóireachta eile don Mhí	ÚnaG / Comh. Ráth Chairn / Turasóireacht Ghleann na Bóinne	Bliain 2	Comhairle Contae na Mí
Tacú le forbairt táirgí turasóireachta cultúrtha agus teangeolaíche do Ghaeltacht na Mí i gcomhair leis na geallsealbhóirí oiriúnacha	Soláthraithe seirbhíse áitiúla / Comh. Ráth Chairn, Co. ConaMí, Fáilte Éireann agus na gníomhaireachtaí réigiúnacha oiriúnacha.	Bliain 1 & 2	Comh. Ráth Chairn / ÚnaG
Tacú leis na tionscadail nua turasóireachta maoinithe ag Fáilte Éireann, an imeacht ‘Samhain/Púca’ agus na deiseanna do Ghaeltacht na Mí atá cruthaithe ag na tionscadail nua seo a fheabhsú	ÚnaG / Comharchumann Ráth Chairn / Turasóireacht Ghleann na Bóinne	Idir lámha	Fáilte Éireann / Comhairle Contae na Mí
Tacú le Comh.Ráth Chairn i bhforbairt Ionad Oidhreacht Ráth Chairn mar a ceadaíodh faoi Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte	ÚnaG / Comh. Ráth Chairn	Bliain 1, 2 & 3	Comhairle Contae na Mí
Caidreamh gníomhach a bhunú le soláthraithe lóistín, i nGaeltacht na Mí, ina bailte seirbhíse & sa cheantar máguaird chun fás leanúnach féilte reatha rathúla Gaeilge a chumasú (Féile na Mí, Féile na Gealaí srl.), chun a	ÚnaG / Comharchumann Ráth Chairn / Turasóireacht Ghleann na Bóinne	Bliain 2	Comh. Ráth Chairn

na Mí, Féile na Gealaí etc.) facilitate their customers by providing an Irish language service to enhance their overall experience within the area.			
Investigate the feasibility of hosting Comórtas Peile na Gaeltachta in the Meath Gaeltacht in coming years	GAA / CLG Clann na Gael / Community Groups	Year 2	Comh. Ráth Chairn
Create linkages with other tourism destinations with 3 linkages in place with mutual marketing and visitor sharing	ÚnaG / Service Providers / Fáilte Éireann / Meath CoCo	Year 2	Comh. Ráth Chairn / Boyne Valley Tourism
Investigate the feasibility of creating mutually beneficial cultural tourism & linguistic linkages with Welsh-speaking 'Gaeltacht' areas in Wales initially and other Celtic-language speaking areas.	Comh. Ráth Chairn	Year 2&3	ÚnaG

2.4 Enhancing the Profile

Action	Supporting Partners	Target	Responsible
Engage with the Meath Diaspora around the world by developing and sustaining links with them as a means of attracting inward investment or attracting talent home to the Meath Gaeltacht	Comharchumann Ráth Chairn / Meath CoCo / Dept. of Foreign Affairs	Year 2	ÚnaG / LEO / Meath CoCo
Create bespoke campaigns to target companies/remote workers, who work in the Greater Dublin Metropolitan area and would consider placing employees within a hub for all or part of the week to enable better work life balance	Enterprise Ireland / IDA	Year 2	ÚnaG / Meath LEO
On the availability of new enterprise space and facilities ensure an increase in site visits to the Meath Gaeltacht	Enterprise Ireland / IDA / Meath LEO	Ongoing	ÚnaG
Engage with the Third Level Universities and Institutes of Technology in the Greater Dublin Metropolitan area and Midlands to establish a presence for their respective Irish/Celtic Studies/Linguistic Departments within the Meath Gaeltacht	ÚnaG/Third Level Institutes	Year 1, 2 & 3	ÚnaG / RCOG
Continue to engage with national Irish language organisations head quartered in Dublin to establish a presence within the Meath Gaeltacht	ÚnaG / Irish Language Organisations	Year 2&3	Comh. Ráth Chairn / RCOG
Using existing brands, develop a strategy for marketing the area as a place to live, work and invest in and develop all necessary associated material and platforms	Comh. Ráth Chairn / Meath LEO	Year 2&3	ÚnaG

gcuid custaiméirí a éascú trí sheirbhís Gaeilge a chur ar fáil chun a n-eispéireas foriomlán sa cheantar a fheabhsú.			
Fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le Comórtas Peile na Gaeltachta a óstáil i nGaeltacht na Mí sna blianta beaga atá le teacht	CLG / CLG Chlann na Gael / Grúpaí Pobail	Bliain 2	Comh. Ráth Chairn
Naisc a chruthú le cinn scríbe eile turasóireachta agus 3 nasc i bhfeidhm ó thaobh margaíocht chomhpháirteach agus cuairteoirí a roinnt	ÚnaG / Soláthraithe Seirbhíse / Fáilte Éireann / Comhairle Contae na Mí	Bliain 2	Comh. Ráth Chairn / Turas. Ghleann na Bóinne
Fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le naisc turasóireachta cultúrtha agus teangeolaíche atá tairbhiúil go comhpháirteach le ceantair ‘Gaeltachta’ Breatnaise sa Bhreatain Bheag & ceantair labhartha teangacha Ceilteacha.	Comh. Ráth Chairn	Bliain 2 & 3	ÚnaG

2.4 An Phróifíl a Fheabhsú

Gníomh	Páirtithe Tacaíochta	Sprioc	Freagracht
Caidreamh a bhunú le Diaspóra na Mí timpeall an domhain ach naisc leo a fhorbairt agus a chothú mar bhealach chun infheistíocht isteach a mhealladh nó tallann a mhealladh ar ais abhaile chuig Gaeltacht na Mí	Comharchumann Ráth Chairn / Comhairle Contae na Mí / Roinn Gnóthaí Eachtracha	Bliain 2	ÚnaG / OFÁ / Comhairle Contae na Mí
Feachtais shaincheaptha a chruthú chun díriú ar chomhlachtaí/cianoibrithe, a oibríonn i Mórcheantar Chathair Bhaile Átha Cliath agus a smaoiníodh ar fhostaithe a chur i mol don tseachtain uile nó do chuid den tseachtain chun cothromaíocht níos fearr oibre–saoil a chumasú	Fiontraíocht Éireann / ÚFT	Bliain 2	ÚnaG / OFÁ na Mí
Nuair atá fáil ar áiseanna agus spásanna nua fiontraíochta ar fáil cinntigh méadú ar chuariteanna suímh chuig Gaeltacht na Mí	Fiontraíocht Éireann / ÚFT / OFÁ na Mí	Idir lámha	ÚnaG
Caidreamh a bhunú leis na hOllscoileanna Tríú Leibhéal agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta i Mórcheantar Chathair Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre agus chun láithreachta a bhunú dá Rannóga Gaeilge/Léinn Cheiltigh/Teangeolaíochta taobh istigh de Ghaeltacht na Mí	ÚnaG / Institiúidí Tríú Leibhéal	Bliain 1, 2 & 3	ÚnaG / RCOG
Leanúint den chaidreamh le heagraíochtaí náisiúnta Gaeilge a bhfuil ceanncheathrú acu i mBaile Átha Cliath chun láithreachta a bhunú i nGaeltacht na Mí	ÚnaG / Eagraíochtaí Gaeilge	Bliain 2 & 3	Comh. Ráth Chairn / RCOG
Brandáil reatha a úsáid, straitéis a fhorbairt chun margaíocht a dhéanamh ar an gceantar mar áit chun cónaí ann, obair a dhéanamh ann agus infheistíocht a dhéanamh ann agus na hábhair agus ardáin ghaolmhara riachtanacha uile a fhorbairt	Comh. Ráth Chairn / OFÁ na Mí	Bliain 2 & 3	ÚnaG

3. Context

A fact-finding visit to local enterprises and companies in the County Meath Gaeltacht by board members of Údarás na Gaeltachta in the summer of 2017 recommended that a strategic review of the challenges and opportunities for business in the area be completed.

In September 2017, the board of Údarás na Gaeltachta approved the establishment of Fóram Fiontraíochta na Mí (Meath Gaeltacht Enterprise Forum) for the area to research and assess opportunities for development and employment. The board requested that Fóram Fiontraíochta Gaeltachta na Mí would be established, to include all appropriate stakeholders both inside and outside the Gaeltacht area, to set out a 3 year plan for the Meath Gaeltacht.

The membership of of representative from the following organisations:

Údarás na Gaeltachta	Sinéad Ní Fhatharta, Máirtín Ó Cadhain, Pádraig Ó Conghaile, Tomás Ó Flatharta
IDA	Conor Simpson
Enterprise Ireland	Eoghan Hanrahan
Meath Local Enterprise Office	Joe English
Regional Skills Forum	Siobhán Keogh
Glór na nGael	Nóra Welby
Comharchumann Ráth Cairn	Máirín Sarikaya / Bríd Óg Ní Chonaire
Boyne Valley Tourism	David Gilroy
Department of Social Protection	Anita Sweeney
NUI Maynooth	Eoghan Mc Cárthaigh
Community Representatives	Siobhán Seoighe, Cathal Seoighe, Micheál Mac Giolla Chearra, Páraic Ó Gríofa, Páraic Mac Donnacha, Tomás Ó Maonaile

The purpose of the Fóram was to bring together the representatives of the relevant agencies and community groups to gather submissions from various stakeholder groups with a view to making recommendations for the future economic development of the Meath Gaeltacht.

As a Gaeltacht area in close proximity to Dublin, the Meath Gaeltacht had significant opportunities that could be exploited for the economic development of the area. A new focus was required on a framework to build, develop and attract greater attention to Ráth Chairn / Baile Ghib as a competitive and successful region for job creation.

3.1 Terms of Reference

- Research existing resources/possibilities/opportunities in the area by discussing with local entrepreneurs, community committees, language-based organisations and other relevant parties.
- Assess the results of the research and promote recommendations on the most appropriate ways to create employment in the Meath Gaeltacht area.
- Collation of a range of priority activities through a 3-year strategy for the Ráth Chairn/Baile Ghib area together with a specific budget to implement this strategy.

3.2 Programme of Work

The programme of work included the following activities:

- Presentations by and discussions with stakeholders attending the fóram to gain an insight into their experiences of doing business in the area. Topics covered included:

3. Comhthéacs

Tar éis cuairt bailithe eolais ar fhiontair agus ar chomhlachtaí áitiúla i nGaeltacht na Mí ag comhaltaí boird Údarás na Gaeltachta le linn shamhradh 2017 moladh go ndéanfaí athbhreithniú straitéiseach ar na dúshláin agus ar na deiseanna do ghnóthaí sa cheantar.

I mí Mheán Fómhair 2017, thug Bord Údarás na Gaeltachta cead go mbunófaí Fóram Fiontraíochta don cheantar chun taighde agus measúnú a dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh forbartha agus fostaíochta. D'iarr an Bord go mbunófaí Fóram Fiontraíochta Ghaeltacht na Mí agus go gcuirfí san áireamh na geallsealbhóirí cuí uile, idir chinn taobh istigh agus chinn taobh amuigh den cheantar Gaeltachta, chun plean 3 bliana a leagan amach do Ghaeltacht na Mí.

Bhí ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas sa ghrúpa oibre:

Údarás na Gaeltachta	Sinéad Ní Fhatharta, Máirtín Ó Cadhain, Pádraig Ó Conghaile, Tomás Ó Flatharta
ÚFT	Conor Simpson
Fiontraíocht Éireann	Eoghan Hanrahan
Oifig Fiontair Áitiúil na Mí	Joe English
Fóram Réigiúnach Scileanna	Siobhán Keogh
Glór na nGael	Nóra Welby
Comharchumann Ráth Chairn	Máirín Sarikaya / Bríd Óg Ní Chonaire
Turasóireacht Ghleann na Bóinne	David Gilroy
Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí	Anita Sweeney
Ollscoil Mhá Nuad	Eoghan Mac Cárthaigh
Ionadaithe Pobail	Siobhán Seoighe, Cathal Seoighe, Micheál Mac Giolla Chearra, Páraic Ó Gríofa, Páraic Mac Donnacha, Tomás Ó Maonaile

Ba é cuspóir an Fhórait ná ionadaithe na ngníomhaireachtaí agus grúpaí pobail cuí a thabhairt le chéile chun aighneachtaí a bhailiú ó na grúpaí geallsealbhóirí éagsúla d'fhonn moltaí a dhéanamh le haghaidh forbairt gheilleagrach Ghaeltacht na Mí amach anseo.

Mar cheantar Gaeltachta i ngaireacht do Bhaile Átha Cliath, tá deiseanna suntasacha ag Gaeltacht na Mí a bhféadfaí leas a bhaint astu le haghaidh forbairt gheilleagrach an cheantair. Teastaíodh fócas nua le haghaidh creatlach oibre chun Ráth Chairn/Baile Ghib a thógáil, a fhorbairt agus aird níos fearr a tharraingt air mar réigiún iomaíoch agus rathúil chun poist a chruthú.

3.1 Téarmaí Tagartha

- Taighde a dhéanamh ar na hacmhainní, féidearthachtaí agus deiseanna reatha sa cheantar trí phlé a dhéanamh le fiontraithe áitiúla, coistí pobail, eagraíochtaí teangabhunaithe & páirtithe leasmhara eile.
- Measúnú a dhéanamh ar thorthaí an taighde agus moltaí a chur chun cinn i leith na mbealaí is oiriúnaí chun fostaíocht a chruthú i gceantar Ghaeltacht na Mí.
- Réimse gníomhaíochtaí tosaíochta a chur i dtoll a chéile trí straitéis 3 bliana do cheantar Ráth Chairn/Baile Ghib, in éineacht le buiséad sonrath chun an straitéis seo a fheidhmiú.

3.2 Clár Oibre

Bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas san áireamh sa chlár oibre:

- Cuir i láthair do agus plé le geallsealbhóirí ag freastal ar an bhfóram chun léargas a fháil ar a n-eispéireas ar ghnó a dhéanamh sa cheantar. Bhí na hábhair seo a leanas san áireamh sna hábhair a clúdaíodh:


- An update on their current trading situation, their products/services, issues and challenges they faced, strengths and benefits of the area;
- Access to and availability of suitable labour force and current/future business needs;
- Skills/training requirements in the local available labour pool;
- Provision of infrastructural needs in the area
- Importance of the Irish language, its heritage and cultural and how the community has benefited from its uses over the decades and how the new Irish Language plan for the area needs to be supported and implemented.

- Eolas suas chun dáta ar a suíomh reatha trádála, a dtáirgí agus seirbhísí, na deacrachtaí agus na dúshláin a bhí rompu, agus na láidreachtaí agus buntáistí don cheantar;
- Rochtain agus fáil ar fhórsa saothair oiriúnach agus riachtanais gnó reatha/amach anseo;
- Riachtanais scileanna/oiliúna sa linn saothair atá ar fáil go háitiúil;
- Soláthar riachtanas bonneagair sa cheantar
- Tábhacht na Gaeilge, a saibhreas oidhreachta agus cultúrtha agus an chaoi ar bhain an bpobal leas as a cuid úsáide thar na scórtha bliain agus an chaoi a dteastaíonn tacaíocht don Phlean Teanga nua Gaeilge don cheantar agus dá fheidhmiú.

4. A Snapshot of the Meath Gaeltacht

4.1 Context

Located to the north-west of Dublin City, the Meath Gaeltacht offers industry an ideal mix of access to major transport and communications nodes, proximity to Ireland’s leading third level educational institutions, a highly skilled and well educated workforce and an idyllic rural area providing significant work life balance.



The Meath Gaeltacht consists of two adjacent villages of Ráth Chairn and Baile Ghib, which are located close to Navan town, a significant population centre of 20k+, in the centre of County Meath. The Meath Gaeltacht is the smallest Gaeltacht area and encompasses a geographical area of 44km² which represents 1 per cent of total Gaeltacht land area.

County Meath has a population of 195,044 (Census 2016) and saw a population growth of 6% in the 2011-2016 period. The Meath Gaeltacht has a population of 1,857 and represents 1.9% of total Gaeltacht population. Census statistics show that the population of the LPT has increased by 11.2% over the last decade (2006-2016).

While the Meath Gaeltacht is a small Gaeltacht, it has key strengths due to its geographical location and youthful demographic with over 60% of the population aged 44 and under. This is an encouraging statistic and indicates a resource and an energy that can be harnessed to shape the future of the Meath Gaeltacht in terms of its economic, social and cultural development.




Figure 1: Population by Age (Source: AIRO/CSO, 2016)

4.2 Irish Language


The Meath Gaeltacht has a unique history setting it apart from other Gaeltacht areas and a history which encompasses a wealth and richness of Irish Language, music, culture and heritage. According to the 2016 Census 60% of the population in the Meath Gaeltacht speak Irish and Irish is daily means of communication in creche’s, schools, businesses and organisations in the Area. As with all Gaeltacht areas there are challenges to the future usage of the language and to counteract these challenges the Government, under the Gaeltacht Act 2012, divided all Gaeltacht areas into 26 Language Planning Areas (LPTs). The community of each LPT have been invited to produce a language plan, with the support and guidance of Údarás na Gaeltachta, to strengthen Irish as a community language in those areas.

To this end, a 3-year language plan has been prepared for the Meath Gaeltacht LPT according to the provisions of the Act and Plean Teanga Ghaeltacht na Mí was finalised and launched in May 2019. The lead organisation, Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí, has commenced implementation of the plan

4. Sracfhéachaint ar Ghaeltacht na Mí

4.1 Comhthéacs

Tá Gaeltacht na Mí lonnaithe thiar ó thuaidh ó Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá meascán idéalach de rochtain ar mhór-nóid iompair agus cumarsáide, gaireacht do na phríomh-institiúidí oideachais tríú leibhéal in Éirinn,



fórsa saothair a bhfuil ardescileanna agus leibhéal ard oideachais aige, agus ceantar tuaithe aoibhinn ina bhfaightear cothromaíocht shuntasach oibre–saoil.


Is éard atá i nGaeltacht na Mí ná dhá shráidbhaile, Ráth Chairn agus Baile Ghib, atá gar dá chéile agus do bhaile na hUaimhe, áit a bhfuil daonra suntasach de bhreis agus 20,000 duine ann, i lár Chontae na Mí.

Is í Gaeltacht na Mí an ceantar Gaeltachta is lú agus tá 44km² d’achar geografach ann, agus is ionann é agus 1 faoin gcéad den achar talún iomlán Gaeltachta.

Tá daonra de 195,044 i gContae na Mí (Daonáireamh 2016) agus bhí fás 6% sa daonra ann sa tréimhse 2011–2016. Tá daonra de 1,857 i nGaeltacht na Mí agus is ionann é agus 1.9% de dhaonra iomlán na Gaeltachta. Léirítear sna staitisticí Daonáirimh gur tháinig méadú 11.2% ar dhaonra an LPT sna deich mbliana roimhe (2006–2016).

Cé gur Gaeltacht bheag í Gaeltacht na Mí, tá láidreachtaí an-tábhachtach ag baint leis mar gheall ar a suíomh geografach agus déimeagrafach óg, is é sin go bhfuil breis agus 60% den daonra 44 bliain d’aois agus níos óige. Is údar misnigh an staitistic seo agus léiríonn go bhfuil acmhainn agus fuinneamh ann a bhféadtar leas a bhaint as chun todhchaí Ghaeltacht na Mí a mhúnlú ó thaobh cúrsaí forbartha geilleagraí, sóisialta agus culúrtha.

Daonra de réir Aoise



Figúir 1: Daonra de réir Aoise (Foinse: AIRO/POS, 2016)

4.2 An Ghaeilge

Tá stair ar leith ag baint le Gaeltacht na Mí a dhéanann Gaeltacht ar leith di agus stair ina bhfuil saibhreas Gaeilge, ceoil, cultúir agus oidhreachta. Dar le Daonáireamh 2016, labhraíonn 60% den daonra i nGaeltacht na Mí Gaeilge agus is í an Ghaeilge an príomh-mhodh cumarsáide i naíolanna, scoileanna, gnóthaí agus eagraíochtaí sa cheantar. Mar atá i gceist le gach ceantar Gaeltachta, tá dúshlán roimh úsáid na teanga amach anseo agus chun gníomhú in aghaidh na ndúshlán seo, tá an Ghaeltacht anois roinnte ina 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPTanna) ag an Rialtas faoi Acht na Gaeltachta, 2012. Tá cuireadh tugtha do phobal gach LPT plean teanga a chur le chéile, le tacaíocht agus treoir ó Údarás na Gaeltachta, chun an Ghaeilge a neartú mar theanga phobail sna ceantair sin.

Chuige sin, tá plean teanga 3 bliana ullmhaithe do LPT Ghaeltacht na Mí de réir fhorálacha an Achta agus cuireadh i gcrích agus seoladh Plean Teanga Ghaeltacht na Mí i mí na Bealtaine 2019. Tá tús curtha ag an gceanneagraíocht Coiste Pleanála Teanga Ghaeltacht na Mí leis an bplean a fheidhmiú agus d’fhostaigh an

and has employed a Language Planning Officer who will be responsible for implementing and monitoring the recommendations of the language plan.

The key aims of the language plan include:

- Áras Pobail Ráth Chairn will be renovated, with special attention being paid to the recommendations of the language plan
- To provide Irish-medium early education centre, a naíolann, in Baile Ghib
- A playground or similar facility to be developed in a central location for parents/guardians and their young children to come together in an informal setting.
- Language Support Centres for Families to be developed in Ráth Chairn and Baile Ghib.
- Afterschool clubs and youth clubs,
- Mini-courses and workshops on language awareness,
- short courses on filming for pupils,
- a translation service, advice and support materials for businesses in the Gaeltacht area.

Further details can be found at <https://www.rathchairn.com/pleanail-teanga>.

Fóram Fiontraíochta na Mí acknowledges the importance of the implementation of Plean Teanga Ghaeltacht na Mí and supports its implementation.

4.3 Socio Economic Profile

Over 51% of this Gaeltacht community has above leaving certification qualification, of which 257 individuals holds an honours degree or professional qualification or both or above.

Population (15+) by Level of Education Attained




Figure 2: Education Attainment - Population Aged 15+ (Source: AIRO/CSO, 2016)

The socio-economic grouping of the Meath Gaeltacht shows a high level of entrepreneurs and managers (12.4% of the population, Census 2016) and an overall high level of skillsets. This will inform and support a marketing plan to promote Gaeltacht na Mí as having entrepreneurial characteristics and facilitate in the attraction of businesses to set up in the region.

Coiste Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh freagrach as moltaí an phlean teanga a fheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh air.

San áireamh i bpríomhaidhmeanna an phlean teanga tá:

- Déanfar athchóiriú ar Áras Pobail Ráth Chairn, agus tabharfar aird ar leith ar mholtaí an phlean teanga
- Ionad luathoideachais trí mheán na Gaeilge, is é sin naíolann, a chur ar fáil i mBaile Ghib
- Déanfar páirc spraoi nó áis den chineál sin a fhorbairt in áit lárnach chun gur féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí agus a gcuid leanaí teacht le chéile i suíomh neamhfhoirmeálta.
- Forbrófar Ionaid Tacaíochta Teanga do Theaghlaigh i Ráth Chairn agus Baile Ghib.
- Clubanna iarscoile agus clubanna óige,
- Mionchúrsaí agus ceardlanna ar fheasacht teanga,
- Gearrchúrsaí scannánaíochta do dhaltaí,
- Seirbhís aistriúcháin, comhairle agus ábhair thacaíochta do ghnóthaí sa cheantar Gaeltachta.


Féadtar tuilleadh sonraí a fháil ar <https://www.rathchairn.com/pleanail-teanga>.

Aithníonn Fóram Fiontraíochta na Mí an tábhacht le feidhmiú Phlean Teanga Ghaeltacht na Mí agus tacaíonn lena fheidhmiú.

4.3 Próifíl Shocheacnamaíoch

Tá cáilíochtaí os cionn cáilíocht Ardteistiméireachta ag breis agus 51% den phobal Gaeltachta seo, agus díobh seo tá céim onóra nó cáilíocht ghairmiúil nó an dá cheann ar aon nó cáilíocht os a chionn seo arís ag 257 duine.

Daonra (15+) de réir leibhéal Oideachais Bainte Amach



Figiúr 2: Oideachas Bainte Amach – Daonra Aois 15+ (Foinse: AIRO/POS, 2016)

Léirítear i ngrúpáil shocheacnamaíoch Ghaeltacht na Mí go bhfuil leibhéal ard fiontraithe agus bainisteoirí (12.4% den daonra, Daonáireamh 2016) agus leibhéal ard foriomlán sainscileanna. Beidh sé ina bhonn eolais agus ina thacaíocht do phlean margaíochta chun Gaeltacht na Mí a chur chun cinn mar áit a bhfuil saintréithe fiontraíochta ag baint léi agus éascóidh sé gnóthaí a mhealladh chun iad féin a bhunú sa réigiún.

Households by Socio-Economic Group




Figure 3: Socio-Economic Group (Households) Source: AIRO/CSO

Persons at Work by industry




Figure 4 : Industry of Employment, Source: AIRO/CSO,2016)




Figure 5: Economic Status – Labour Force (Source: AIRO/CSO, 2016)

Only 8.3% of the available workforce in the Meath Gaeltacht are currently unemployed, which is considerably lower than the State average of 12.9%. The labour Force participation rate is 62.4% just 1% higher than the national level of 61.4%. Manufacturing, education services and agriculture are the leading industries in the Meath Gaeltacht as shown above.

4.4 Current Employment Profile

Current employment in companies assisted by Údarás na Gaeltachta in the area is 178 fulltime and 6 part-time jobs. 14 companies, in total, provide this employment.

	2014		2015		2016		2017		2018	
**	# Co.'s	# EE	# Co.'s	# EE	# Co.'s	# EE	# Co.'s	# EE	# Co.'s	# EE
Micro	10	21	9	16	5	23	10	17	10	18
Small	2	30	3	53	1	20	2	32	3	80
Medium	2	135	2	170	2	168	2	170	1	80
Total	14	186	14	239	8	211	14	219	14	178


Figure 6: Employment breakdown per size of enterprise (Source: ÚnaG Employment Surveys 2014-2018)

**#Co.'s = number of enterprises in the area; #EE = number of employees.


	2015	2016	2017	2018
Ráth Cairn	195	190	196	155
Baile Ghib	44	21	23	23
Total	239	211	219	178

Figure 7: Jobs per Gaeltacht area (Source: ÚnaG Employment Surveys 2014-2018)

Teaghligh de réir Grúpa Socheacnamaíoch




Daoine ag an Obair de réir Earnála



Figiúr 3: Grúpa Socheacnamaíoch (Teaghligh) Foinsé: AIRO/POS2016 Figiúr 4: Earnáil Fostaíochta, Foinsé: AIRO/POS,2016

Fórsa Saothair



Níl ach 8.3% den fhórsa saothair atá ar fáil i nGaeltacht na Mí dífhostaithe faoi láthair, agus tá sé seo faoi bhun na staitistice náisiúnta de 12.9%. Is ionann an ráta rannpháirtíochta san fhórsa saothair agus 62.4%, rud atá 1% díreach os cionn an leibhéil náisiúnta de 61.4%. Is iad na tionscail is mó chun tosaigh i nGaeltacht na Mí ná na tionscail déantúsaíochta, seirbhísí oideachais agus talmhaíochta, mar a léirítear thuas.

Figiúr 5: Stádas Eacnamaíoch – Fórsa Saothair (Foinsé: AIRO/POS, 2016)

4.4 Próifíl Reatha Fostaíochta

Is í an fhostaíocht reatha i gcuideachtaí a fhaigheann cúnamh ó Údarás na Gaeltachta ná 178 post lánaimseartha agus 6 phost pháirtaimseartha. Ar an iomlán, tá 14 comhlacht a chuireann an fhostaíocht seo ar fáil.

	2014		2015		2016		2017		2018	
	# Co.	# Fo.	# Co.	# Fo.	# Co.	# Fo.	# Co.	# Fo.	# Co.	# Fo.
Micrea	10	21	9	16	5	23	10	17	10	18
Beag	2	30	3	53	1	20	2	32	3	80
Meánmhéide	2	135	2	170	2	168	2	170	1	80
Iomlán	14	186	14	239	8	211	14	219	14	178

Figiúr 6: Briseadh síos ar an bhfostaíocht de réir mhéid na bhfiontar (Foinsé: Suirbhéanna Fostaíochta ÚnaG 2014–2018)

**#Co. = líon na gcomhlachtaí sa cheantar; #Fo. = líon na bhfostaithe.


	2015	2016	2017	2018
Ráth Chairn	195	190	196	155
Baile Ghib	44	21	23	23
Iomlán	239	211	219	178

Figiúr 7: Poist de réir ceantar Gaeltachta (Foinsé: Suirbhéanna Fostaíochta ÚnaG 2014–2018)

4.5 Travelling for Work

It is evident from the graphic below that a high percentage of individuals are leaving both the Gaeltacht and the County for employment purposes on a daily basis.

Journey Time to Work/Education



The CSO has outlined that three quarters of all commuters into Dublin city and suburbs come from the top four areas of Fingal, Kildare, Meath and Wicklow (CSO 2016). 15.8% of the Meath Gaeltacht are traveling over 1 hour to work/education daily of which the majority are travelling to Dublin City and suburbs on a daily basis.

Figure 8: Journey Time to Work and Education – Pop. aged 5+ (Source:AIRO/CSO, 2016)

According to the Economic Development Strategy for County Meath 2014-2022, such is the extent of outbound commuting that there are almost as many people living in Meath but working in Dublin as there are living and working in the county.

CSO 2016 figures show up to 22,000 outbound residents commuting to the Greater Dublin Metropolitan Area daily which have previously been shown to be a highly skilled workforce with high levels of educational attainment. Outbound Commuters represent a major talent pool for FDI companies investing in the county and are a key selling point for the county and also for the Meath Gaeltacht area.

Commuters to Dublin City & Suburbs by County of Residence




Figure 9: Commuters to Dublin City and Suburbs by County of Residence. (CSO, 2016)

4.6 Business in the Meath Gaeltacht


In the last 80 years, the Meath Gaeltacht has changed from being a local economy dependent on farming to an economy sustained by small and medium enterprises. This came about largely due to the work of Údarás na Gaeltachta working with indigenous companies, who were initially focused on the heavy manufacturing industries but are now mainly comprised of technologically driven enterprises. Over the years, enterprise, its’ development requirements and the ever-changing marketplace have changed and each change has brought new opportunities as well as challenges which have been met with resilience and adapted to by all concerned.

During this time, Údarás na Gaeltachta has striven to adapt and adopt a flexible business solution offering to attract and support enterprise in the Gaeltacht areas. This offering consists of the availability of a flexible skilled labour force, the provision of property along with State Aid financial supports necessary for the establishment of a successful enterprise in a rural area.

4.5 Taisteal don Obair

Is léir ón méid thíos go bhfuil sciar ard daoine ag fágáil na Gaeltachta agus an Chontae araon mar gheall ar chúrsaí fostaíochta ar bhonn laethúil.

Am taistil chun na hOibre/Oideachais




Figiúr 8: Am taistil chun na hOibre/Oideachais—Daon. aois 5+ (Foinse:AIRO/POS, 2016)

De réir achoimre na Príomh-Oifige Staidrimh, is as na ceithre cheantar Cill Dara, Cill Mhantáin, Fine Gall, agus an Mhí is mó a thagann trí cheathrú de na comaitéirí uile isteach go cathair Bhaile Átha Cliath agus a bhruachbhailte (POS 2016). Tá 15.8% de Ghaeltacht na Mí ag taisteal os cionn uair an chloig chuig na hoibre/oideachas lena bhformhór ag taisteal go Baile Átha Cliath agus a bhruachbhailte ar bhonn laethúil.

De réir na Straitéise Forbartha Geilleagraí do Chontae na Mí 2014–22, tá an oiread sin comatáireachta amach i gceist go bhfuil beagnach an méid céanna daoine ina gcónaí i gContae na Mí ach ag obair i mBaile Átha Cliath agus atá daoine atá ina gcónaí agus ag obair sa chontae féin.

Léiríonn figiúirí POS 2016 suas le 22,000 comaitéirí go Mócheantar Chathair Bhaile Átha Cliath go laethúil ar léiríodh thuas go bhfuil ardscoiléanna agus ardleibhéil gnóthachtála oideachais ina measc. Is ionann na Comaitéirí Amach agus linn mhór tallainne do chomhlachtaí Infheistíochta Dhíreach Eachtrach ag infheistiú sa chontae agus is gné dhíolacháin mhór é seo don chontae agus do cheantar Ghaeltacht na Mí chomh maith.

Comaitéirí go Bruachbhailte & Cathair BÁC de réir Contae Cónaithe



Figiúr 9: Comaitéirí go Bruachbhailte & Cathair BÁC de réir Contae Cónaithe. (POS, 2016)

4.6 Gnó i nGaeltacht na Mí

Le 80 bliain anuas, tá athrú tagtha ar Ghaeltacht na Mí ó gheilleagar áitiúil a bhraith ar an bhfeirmeoireacht go geilleagar atá á choinneáil ag fiontair bheaga agus mheánmhéide. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar obair Údarás na Gaeltachta le comhlachtaí dúchasacha a dhírigh i dtosach ar na tionscail déantúsaíochta troime, ach tá fiontair faoi thiomáint ag an teicneolaíocht i gceist anois. Le himeacht na mblianta, tá athrú tagtha ar an bhfiontraíocht, ar a riachtanais forbartha agus síor-athrú tagtha ar an margadh agus le gach athrú a tháinig, tháinig isteach deiseanna agus dúshlán ar thug gach páirtí leasmhar aghaidh orthu le hacmhainneacht agus le dul in oiriúint dóibh.

Le linn an ama seo, rinne Údarás na Gaeltachta a sheacht ndícheall dul in oiriúint agus tairiscint a chur ar fáil i bhfoirm réitigh sholúbtha gnó chun fiontraíocht a mhealladh agus tacú léi sna ceantair Ghaeltachta. Is éard atá sa tairiscint seo ná fáil ar fhórsa saothair solúbtha oile, soláthar maoinne chomh maith le tacaíochtaí airgid Cúnaimh Stáit a theastaíonn chun fiontar rathúil a bhunú i gceantar tuaithe.

4.7 Business Infrastructure

The need for large industrial facilities has reduced significantly in recent times and the demands of the market place (entrepreneurs/start-ups/remote workers) has led the need to provide high quality affordable shared office space that encourages openness and innovation within a multi-tenanted space. A key objective of Údarás na Gaeltachta 2018 – 2020 strategy is to develop a network of 31 innovation and digital hubs throughout the Gaeltacht nationally including Gaeltacht off-shore islands.

Due to the lack of commercial facilities/office space within the Meath Gaeltacht, the Fóram recommends that an ‘interim’ **gteic** innovation and digital hub be established as soon as is possible to enable new economic development opportunities within the area.

This facility would enable local entrepreneurs or commuters to explore the opportunity to work within their community thus improving their own work life balance, that of their families and of the wider community.

As the statistics from the 2016 Census confirm a large percentage of residents from Meath County commute into the Greater Dublin Metropolitan area on a daily basis. The long-term opportunity remains therefore to establish a permanent **gteic** innovation and digital hub in the Meath Gaeltacht that will drive entrepreneurship and economic growth. This will allow Údarás na Gaeltachta to work in collaboration with the Mid East Region to achieve its objective of developing co-working spaces throughout the county in the short to medium term.

There is an important opportunity for the County to develop viable options for commuters to work remotely from their City base or to start their own enterprise within their communities. There is also a significant opportunity to expand the various city hubs and third level innovation hubs out into the Regions by partnering with the likes of the Guinness Enterprise Centre, The Grand Canal Innovation District (TCD), DCU Invent.



4.8 Financial Incentives and Support

Incentivising industry has been an important element of successive Government economic policy and still plays a key role in Regional development to this day. While there were generous incentives in the past, European Union State Aid rules now limit the financial incentives which can be provided to enterprise as follows:

EU State Aid Rules	Small	Medium	Large
2014 - 2020	30%	20%	*10%

* new rules on aid for large companies is restrictive – the project must involve diversification into new products or new process innovation.

** Baile Ghib is ineligible for Regional Aid as it is part of the Mid-East Region. SMEs in non-assisted areas (Dublin, Cork & Mid-East) can receive support for capital and employment under Investment Aid for SMEs.

4.7 Bonneagar Gnó

Tá laghdú suntasach tagtha ar an ngá le háiseanna móra tionsclaíochta le tamall anuas agus mar gheall ar éilimh an mhargaidh (fiontraithe/comhlachtaí nua-thionscanta/cian-oibrithe), tá gá anois le spás oifige comhroinnte a chur ar fáil atá ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta agus a spreagann oscailteacht agus nuálaíocht taobh istigh de spás do thionóntaí éagsúla. Príomhchuspóir de chuid straitéis Údarás na Gaeltachta 2018–2020 ná líonra de 31 mol nuálaíochta agus digiteach a fhorbairt ar fud na Gaeltachta go náisiúnta, lena n-áirítear roinnt oileán Gaeltachta amach ón gcósta.

Mar gheall ar an easpa áiseanna tráchtála/spásanna oifige i nGaeltacht na Mí, molann an fóram go mbunófaí chomh luath agus is féidir mol nuálaíochta agus digiteach **gteic** ‘eatramhach’ chun deiseanna nua forbartha geilleagraí a chumasú sa cheantar. Chuirfeadh an áis seo ar chumas fiontraithe áitiúla nó comaitéirí féachaint ar an deis obair a dhéanamh ina bpobal féin agus dá réir a gcothromaíocht oibre-saoil a fheabhsú, dá dteaghlach agus don phobal i gcoitinne.

Mar a dheimhnítear i nDaonáireamh 2016, tá sciar mór de chónaitheoirí Chontae na Mí ag taisteal chun

na hoibre i Mórcheantar Chathair Bhaile Átha Cliath ar bhonn laethúil. An deis fhadtéarmach atá ann dá réir ná mol nuálaíochta agus digiteach **gteic** buan a bhunú i nGaeltacht na Mí, rud a bhrúifidh an fhiontraíocht agus an fás geilleagrach chun cinn. Leis seo, féadfaidh Údarás na Gaeltachta obair a dhéanamh i gcomhar le Réigiún an Lár-Oirthir chun a chuspóir a bhaint amach chun spásanna comhionaid a fhorbairt ar fud na tíre idir an gearrthearma agus an meántearma.

Tá deis thábhachtach ann don Chontae na roghanna inmharthana seo a fhorbairt do chomaitéirí obair a dhéanamh ó chian óna mbonn sa chathair nó chun tús a chur lena bhfiontar féin ina bpobal féin. Tá deis shuntasach ann chomh maith na moil éagsúla cathrach agus moil nuálaíochta tríú leibhéal a leathnú amach chuig na Réigiúin trí chomhpháirtíocht le leithéidí Ionad Fiontraíochta Guinness, Ceantar Nuálaíochta na Canálach Móire (Coláiste na Tríonóide) agus Invent (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath).



4.8 Dreasaictaí agus Tacaíocht Airgid

Cuid thábhachtach de pholasaithe geilleagracha Rialtais i ndiaidh a chéile ná dreasaictaí a thabhairt do thionscail agus tá ról tábhachtach fós aige seo san fhorbairt réigiúnach go dtí an lá inniu. Cé go raibh dreasaictaí flaithiúla ann roimh seo, cuireann rialacha Cúnamh Stáit an Aontais Eorpaigh srian anois ar na dreasaictaí airgid a fhéadtar a chur ar fáil d’fhiontair mar seo a leanas:

Rialacha Cúnamh Stáit an AE	Beag	Meánmhéide	Mór
2014–2020	30%	20%	*10%

* rialacha sriantacha iad na rialacha nua i leith cúnamh d’fhiontair mhóra – ní mór éagsúlú isteach i dtáirgí nua nó nuáil nua próisis a bheith i gceist leis an tionscadal.

** Níl Baile Ghib incháilithe le haghaidh Cúnamh Réigiúnach mar gheall go bhfuil sé mar chuid de Réigiún Lár-Oirthir. Féadann fiontair FBM i gceantair nach bhfaigheann cúnamh (Baile Átha Cliath, Corcaigh agus an Lár-Oirthear) tacaíocht a fháil le haghaidh caipitil agus fostaíochta faoi Chúnamh Infheistíochta d’fhiontair FBM.


4.9 Economic Development Strategy for County Meath 2014-2022

The Economic Development Strategy for County Meath 2014-2022 is about economic development, jobs and investment and harnessing the capacity and potential of people in the Meath region.

The Strategy contains 8 key objectives designed to achieve a projected level of employment growth in Meath by 2022 of an additional 7,500 jobs. As with our findings, huge potential was identified due to the high levels of educational attainment among the County's residents. However, the challenge is to reverse unsustainable commuter trends with 54% of the working population commuting to work outside the county daily.

The Fóram Fiontraíochta na Mí report and action plan is in line with this strategy and seeks out new opportunities in the Engineering, Agri and Cultural Tourism sectors.

A key action of the Meath Economic Development Strategy is to drive and foster entrepreneurship, increasing the number of start-ups, enterprise and incubation spaces and to encourage entrepreneurship through targeted programmes and initiatives.



Fóram Fiontraíochta na Mí recognises that fostering innovation is critical to attracting and developing enterprise in the area to:

- encourage sustainable job creation and growth;
- ensure a greater retention of economic impact by tapping into the critical mass of talent already in the county; and
- contribute to people's quality of life.

A **gteic** innovation and digital hub in this Gaeltacht location will foster and encourage entrepreneurship as it works with key agencies within the region, Enterprise Ireland and Meath LEO, to develop the indigenous sectors within the County. The **gteic** network of innovation and digital hubs will not only connect Gaeltacht areas but will also collaborate and connect with other local, national and international hubs where knowledge is shared, partnerships are formed and partnerships build enterprises and value. This goal can only be achieved by working with industry, government agencies and academia.

4.10 Enterprise Development and Job Creation Challenges

The development of local entrepreneurs is paramount to the long-term viability of the Meath Gaeltacht. The provision of training/education, building strong business networks, engaging with local/national successful entrepreneurs through mentoring programmes are all essential ingredients to achieve this development. To build sustainable enterprises, it is necessary to have the financial supports in place, which allow the entrepreneur to develop his/her concept and be adequately capitalised to commercialise the product or service.

Fóram Fiontraíochta na Mí acknowledges the need to develop an ecosystem that will empower local men and women to start their own businesses in their community and that state bodies must support these individuals in their endeavours by providing the appropriate supports, both financial and non-financial, when the entrepreneurs are willing to take the risk of starting their own business.


4.9 Straitéis Forbartha Geilleagraí do Chontae na Mí 2014–2022

Is éard atá i gceist leis an Straitéis Forbartha Geilleagraí do Chontae na Mí 2014–2022 ná an fhorbairt gheilleagrach, poist agus infheistiú agus leas a bhaint as an acmhainn agus as an gcumas atá ag daoine i réigiún na Mí.

Tá 8 bpríomhchuspóir sa Straitéis a dearadh chun fás fostaíochta tuartha de 7,500 post breise a bhaint amach sa Mhí roimh 2022. Mar a bhí i gceist lenár dtorthaí féin, sainaithníodh poitéinseal fíormhór mar gheall ar an leibhéal ard gnóthachtála oideachais i measc chónaitheoirí an Chontae. An dúshlán, áfach, ná treochtaí neamh-inmharthana comaitéireachta a chasadh thart – tá 54% den daonra oibre ag comaitéireacht chun na hoibre taobh amuigh den chontae ar bhonn laethúil.

Tagann tuarascáil agus plean gníomhaíochta Fóram Fiontraíochta na Mí leis an straitéis seo agus lorgaíonn deiseanna nua sna hearnálacha innealtóireachta, agraibhia agus turasóireachta cultúrtha.

Gníomh tábhachtach i Straitéis Forbartha Geilleagraí na Mí ná an fhiontraíocht a bhrú chun cinn agus a chothú, líon na gcomhlachtaí nua-thionscanta agus spásanna fiontraíochta agus gorlainne a mhéadú agus an fhiontraíocht a spreagadh trí chláir agus tionscnaimh dhírithe.



Aithníonn Fóram Fiontraíochta na Mí go bhfuil spreagadh na nuálaíochta lárnach chun fiontair a mhealladh agus a fhorbairt sa cheantar chun:

- cruthú post agus fás inbhuanaithe a spreagadh;
- cinntiú go ndéantar an tionchar geilleagrach a choinneáil ar bhealach níos fearr trí leas a bhaint as an líon fíorthábhachtach tallainne sa chontae cheana féin; agus
- cur le caighdeán maireachtála daoine.

Cothóidh agus spreagfaidh mol nuálaíochta agus digiteach **gteic**, sa láthair Ghaeltachta seo, an fhiontraíocht de réir mar a oibríonn sé leis na príomhghníomhaireachtaí sa réigiún, Fiontraíocht Éireann agus OFÁ na Mí, chun na hearnálacha dúchasacha a fhorbairt sa Chontae. Ní amháin go gceanglóidh an líonra mol nuálaíochta agus digiteach **gteic** ceantair Ghaeltachta le chéile, déanfaidh sé comhoibriú agus ceangal le moil eile áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta ina ndéanfar eolas a roinnt, comhpháirtíochtaí a chruthú, agus ina gcruthaíonn comhpháirtíochtaí fiontair agus luach. Ní fhéadtar an sprioc seo a bhaint amach ach amháin trí oibriú le lucht tionscail, gníomhaireachtaí rialtais agus lucht acadúil.

4.10 Forbairt Fiontair agus Dúshlán roimh Phoist a Chruthú

Tá forbairt na bhfiontraíochtaí áitiúla fíorthábhachtach d’inmharthanacht fhadtéarmach Ghaeltacht na Mí. Bunghnéithe chun an fhorbairt seo a bhaint amach ná trí oiliúint/oideachas a chur ar fáil, líonraí láidre gnó a thógáil, caidreamh a bhunú le fiontraíochtaí rathúla áitiúla agus náisiúnta trí chláir mheántóireachta. Chun fiontair inbhuanaithe a thógáil, is gá na tacaíochtaí airgeadais a bheith i bhfeidhm, rud a ligeann don fhiontraíocht a c(h)oincheap a fhorbairt agus caipitliú dóthanach a dhéanamh air chun an táirge nó seirbhís a dhíol.

Aithníonn Fóram Fiontraíochta na Mí an gá le héiceachóras a fhorbairt lena gcuirfear ar chumas d’fhir agus do mhná áitiúla a ngnó féin a bhunú ina bpobal féin agus gur gá do chomhlachtaí Stáit tacú leis na daoine seo ina n-iarrachtaí ach na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil, idir chinn airgid agus chinn neamhairgid, nuair a bhíonn fiontraíochtaí toilteanach glacadh leis an riosca a ngnó féin a thosú.



It is also accepted by the Fóram that foreign companies are also attracted to remote areas by the opportunity to acquire successful indigenous companies. To ensure that the acquisition of the indigenous companies does not result in the loss of the business to the area, it is imperative that the indigenous companies are supported in developing strong connections and dependency on the local area through development of local management skills and flexible competitive work practices.

The availability of a skilled labour force is a key element in developing a successful enterprise. As the focus of industry in the Meath Gaeltacht has shifted from heavy manufacturing to more niche, innovative, technologically and service-driven enterprise, the skillsets that are needed have also changed. An educated, skilled, labour force is critical in today's global competitive environment especially in proximity to the employment opportunities available in Dublin. A successful enterprise must not only have the right product offering for the marketplace but it's equally as important to have the right people to produce and support this offering.

For any businesses looking to start or develop a business in the Meath Gaeltacht, the company must have confidence that there is sufficient labour supply and skillsets in the area from which they can hire, upskill, retrain, and retain to ensure sustainability. Local employers in Ráth Chairn and Baile Ghib acknowledged that they have an excellent workforce and praised their loyalty, diligence and strong work ethic, saying this was vital to enable them to grow their enterprises while highlighting a number of skills deficits in the labour force.

4.11 Social and Cultural Infrastructure

While it is understood that financial incentives, turnkey property solutions, and adequate supply of labour force is fundamental to enterprise development in remote areas, ultimately the community and its sustainability is of equal importance. During the Fóram's discussions and consultations, the importance of social infrastructure/lifestyle proposition was highlighted as crucial in enticing locals to return from urban centres, at home and abroad, and others to settle in the Meath Gaeltacht.

The provision of key infrastructure including the supply of quality housing, good schools and other education bodies, good primary care along with the provision of public services (transport, financial, retail, etc.) and lifestyle activities (social, cultural and physical) are requirements when an individual/family are evaluating the prospect of returning or locating in the area.

4.12 Targeted Sectors

It is the view of Fóram Fiontraíochta na Mí that the following sectors have high potential and appropriate business models to enable the establishment of successful enterprises in the Meath Gaeltacht and should be receive increased focus as sectors best suited to the region: Tourism, Agri-Food, Tech and Engineering.



Glacann an Fóram leis chomh maith go mealltar comhlachtaí eachtracha chuig ceantair iargúlta mar gheall ar an deis comhlachtaí rathúla dúchasacha a cheannach. Lena cinntiú nach gcailltear gnó don cheantar mar thoradh ar chomhlacht dúchasach a cheannach, tá sé ríthábhachtach go dtugtar tacaíocht do chomhlachtaí dúchasacha agus iad ag forbairt nasc láidre agus spleáchas ar an gceantar áitiúil trí scileanna bainistíochta áitiúla agus nósanna oibre iomaíocha solúbtha a fhorbairt.

Gné thábhachtach i bhfiontar rathúil a fhorbairt ná an fháil atá ar fhórsa saothair oilte. Mar gheall gur aistrigh

fócas an tionscail i nGaeltacht na Mí ó dhéantúsaíocht throm go fiontair níos sainiúla, níos nuálaíche tiomanta ag an teicneolaíocht agus ag seirbhís, tá athrú tagtha chomh maith ar na scileanna a theastaíonn. Tá ríthábhacht ag baint inniu le fórsa saothair oilte i dtimpeallacht iomaíoch dhomhanda, go háirithe i ngaireacht do na deiseanna fostaíochta atá ar fáil i mBaile Átha Cliath.

Ní amháin nach mór d'fhiontair rathúla an táirge ceart a bheith acu don mhargadh, ach tá sé chomh tábhachtach céanna na daoine cearta a bheith acu chun an táirge seo a chruthú agus chun tacú leis.

I gcás aon chomhlacht atá ag iarraidh gnó a thosú nó a fhorbairt i nGaeltacht na Mí, ní mór an mhuinín a bheith ag an gcomhlacht go bhfuil soláthar dóthanach saothair agus tacar sainscileanna sa cheantar óna bhféadtar daoine a fhostú, a oiliúint agus a athoiliúint chun inbhuanaitheacht a chinntiú. Tá sé aitheanta ag fostóirí áitiúla i Ráth Chairn agus Baile Ghib go bhfuil fórsa saothair den scoth acu agus molann a ndílseacht, a ndúthracht agus a n-eitic láidir oibre, agus deir go raibh sé seo ríthábhachtach chun cur ar a gcumas a bhfiontair a fhás fiú agus aird á tharraingt ar roinnt easnamh scileanna san fhórsa saothair.

4.11 Bonneagar Sóisialta agus Cultúrtha

Cé go dtuigtear gur rud bunúsach don fhorbairt fiontraíochta i gceantair iargúlta é dreasachtaí airgid, réitigh áitribh lándéanta agus soláthar dóthanach fórsa saothair, ar deireadh tá an tábhacht chéanna ag baint leis an bpobal agus lena inbhuanaitheacht. Le linn phlé agus chomhairliúcháin an Fhórait, tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le bonneagar sóisialta/tairsint stíl beatha chun daoine áitiúla a mhealladh chun fillleadh ó ionaid uirbeacha, i gcéin agus i gcógar, agus do dhaoine eile lonnú i nGaeltacht na Mí.

Riachtanais do dhaoine agus do theaghlaigh agus iad ag déanamh measúnú ar fhilleadh nó lonnú chun an cheantair is ea an soláthar bonneagair thábhachtaigh, lena n-áirítear soláthar tithe ardchaighdeán, scoileanna maithe agus comhlachtaí eile oideachais, chomh maith le cúram maith príomha, soláthar seirbhísí poiblí (iompar, airgeadas, miondíol srl) agus gníomhaíochtaí stíle beatha (sóisialta, cultúrtha agus fisiciúil).

4.12 Sprioc-Earnálacha

Tuairim Fhóram Fiontraíochta na Mí is ea go bhfuil an t-ardchumas agus na samhlacha oiriúnacha gnó ag na hearnálacha seo a leanas chun cumasú a dhéanamh ar fhiontair rathúla a bhunú i nGaeltacht na Mí agus ba chóir fócas méadaithe a chur orthu mar earnálacha is fearr a fheileann don réigiún: Turasóireacht, Agraibhia, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht.

4.12.1 Tourism

Tourism is one of the world’s fastest growing industries with the sector having the capacity to respond and develop quickly to changes in the economic environment.

The Irish language and culture adds a unique dimension to tourism in Ireland. As a destination, the Gaeltacht in turn is unique and offers the visitor experiences that cannot be replicated elsewhere. More than half of all overseas visitors to Ireland are interested in experiencing the country’s living and historic culture. Tourism provides the Meath Gaeltacht with important opportunities to grow the local economy, create employment and generate income for its communities while celebrating and presenting its language and culture to the world.

Údarás na Gaeltachta’s tourism strategy aims to:

- Increase the number of tourists, their length of stay in the Gaeltacht and increase their expenditure;
- Increase and upgrade tourist products in the Gaeltacht;
- Increase awareness and profile of the Gaeltacht as a holiday destination.

This community has a strong tradition in teaching young and old the national language through a variety of Irish Language courses and festivals:

These courses and events are supported by local Irish speaking households that accommodate students and attendees while they are attending the Irish college. This provides an authentic experience with regards to the living language within the Gaeltacht.

	2016	2017	2018
Language Courses	Attendees	Attendees	Attendees
Irish Colleges	835	860	910
Weekend Courses	760	700	823
Festivals			
Siamsóir na Mí	100	130	130
Féile na Gealaí	100	250	450
Éigse Dharach Uí Chatháin	80	70	
Féile na Mí	280	320	250
	2,155	2,330	2,563

Since the establishment of Forám Fiontraíochta na Mí, a number of key initiatives have received funding from various programmes:

‘Samhain’ Festival of Fire/Púca Halloween Festival

Fáilte Ireland in partnership with Meath and Louth Local Authorities will invest up to €2 million over three years (2019 – 2021) to develop the Boyne valley region as the world home of Halloween. It is hoped to grow the ‘Samhain’ festival to attract 100,000+ people by 2021 as the festival develops from a three-day event to a two-week series of events spread right across the region. The expected financial returns are projected to reach €22 million for the region.

Tlachtga or the Hill of Ward, which is situated within the Meath Gaeltacht, is central to the authentic claim to ‘be the home of Halloween’. Tlachgta dates from approximately 200 AD and was the location of the Great Fire Festival that begun on the eve of Samhain. It is situated approximately 2km from Athboy and Ráth Chairn. It is proposed that the culmination of the events will be a large scale spectacular event held at Tlachtga (Hill of ward).

4.12.1 Turasóireacht

Tá an turasóireacht ar cheann de na tionscail is mó fáis ar domhan agus tá an cumas ag an earnáil freagairt do agus forbairt a dhéanamh mar fhreagra ar athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch.

Gné uathúil den turasóireacht in Éirinn is ea an Ghaeilge agus an cultúr. Mar cheann scríbe, áit uathúil inti féin í an Ghaeltacht, agus tairgtear eispéiris do chuairteoirí inti nach bhféadtar a chur ar fáil aon áit eile. Tá suim ag breis agus leath de na cuairteoirí go hÉirinn ó áiteanna thar lear i gcultúr beo agus stairiúil na tíre. Leis an turasóireacht, cuirtear deiseanna tábhachtacha ar fáil do Ghaeltacht na Mí chun an geilleagar áitiúil a fhás, fostaíocht a chruthú agus ioncam a ghiniúint dá chuid pobal agus ag an am céanna teanga agus cultúr an phobail a cheiliúradh agus a chur i láthair an domhain mhóir.

Tá sé mar aidhm ag straitéis turasóireachta Údarás na Gaeltachta:

- Méadú a dhéanamh ar líon na dturasóirí, fad a bhfanachta sa Ghaeltacht agus a gcaiteachas sa Ghaeltacht;
- Méadú agus uasghrádú a dhéanamh ar na táirgí turasóireachta sa Ghaeltacht;
- Méadú a dhéanamh ar fheasacht agus ar phróifíl na Gaeltachta mar cheann scríbe do laethanta saoire.

Tá traidisiún láidir teagaisc Gaeilge sa phobal don aos óg agus do dhaoine aosta trí réimse cúrsaí agus féilte Gaeilge:

Tá tacaíocht ag na cúrsaí agus na himeachtaí seo ó theaghlaigh lán-Ghaeilge a chuireann lóistín ar fáil do mhic léinn agus do lucht freastail agus iad ag freastal ar an gcoláiste Gaeilge. Tugann sé seo fíor-eispéireas ó thaobh na teanga beo sa Ghaeltacht.

	2016	2017	2018
Cúrsaí Teanga	Freastal	Freastal	Freastal
Coláistí Gaeilge	835	860	910
Cúrsa Deireadh Seachtaine	760	700	823
Féilte			
Siamsóir na Mí	100	130	130
Féile na Gealaí	100	250	450
Éigse Dharach Uí Chatháin	80	70	
Féile na Mí	280	320	250
	2,155	2,330	2,563

Ó bhunú Fhorám Fiontraíochta na Mí, tá maoiniú ó chlár éagsúla faighte ag roinnt príomhthionscnamh.

An Fhéile ‘Samhain’ Tine/Púca

Infheisteoidh Fáilte Éireann, i gcomhar le hÚdarás Áitiúla na Mí agus an Lú, suas le €2 milliún thar thrí bliana (2019–2021) chun réigiún Ghleann na Bóinne a fhorbairt mar áit bhunaidh dhomhanda fhéile na Samhna. Táthar ag súil le féile ‘Samhain’ a fhás chun breis agus 100,000 duine a mhealladh faoi 2021 de réir mar a fhorbraíonn an fhéile ó imeacht trí lá go sraith imeachtaí coicise scaipthe ar fud an réigiúin. Táthar ag tuar go bhféadfadh tairbhe airgeadais de €22 milliún a bheith mar thoradh don réigiún.

Tá Tlachtga lonnaithe i nGaeltacht na Mí agus tá an cnoc seo lárnach don mhaíomh gurb é ‘áit bhunaidh fhéile na Samhna’. Tá Tlachtga ann ó thuairim agus 200 AD agus is ann a bhíodh an Fhéile Mhór Tine a thosaigh ar oíche Shamhna. Tá sé suite timpeall 2km ó Bhaile Átha Buí agus Ráth Chairn. Moltar gurb éard a bheidh mar bhuaic-imeacht ná imeacht shuntasach ar scála mór ag Tlachtga.

This is an unprecedented opportunity for the Meath Gaeltacht to be developed as a significant global tourist location and Fóram Fiontraíochta na Mí feels it would be imperative that a partnership approach be adopted by all stakeholders to maximise the opportunity.

Ionad Oidhreachta Ghaeltacht na Mí

Funding for the development of a heritage centre to tell the story of the Meath Gaeltacht was approved through the town and village renewal scheme in 2019. The approval of funding represents a great opportunity for the community to build an attraction for both local and national visitors to learn about the journey to build a Gaeltacht in the heart of County Meath in the 1930s. There is also an opportunity to expand the offering to become a centre to tell the story of the national language also.

The action plan proposes to support both initiatives by creating a resource to drive the initiatives within the communities.

4.12.2 Agri-Food Sector

The agri-food sector is one of Ireland's most important indigenous manufacturing sectors and based on reports issued by the Department for Agriculture, Food and the Marine in 2017 accounts for employment of around 173,400 jobs, or 8.6% of total employment, on average in 2016, with some seasonal variation according to the. 112,900 people were employed in primary agriculture, forestry and fisheries, with the balance employed in food processing (51,900), beverages (4,700), and wood processing (4,000).

It includes almost 700 food and drinks firms throughout the country that export food and seafood to more than 160 countries worldwide. Economic activity in the agriculture and food sector produces a far bigger return than equivalent activity in other traded sectors of the economy. That is because agri-food companies source 74% of raw materials and services from Irish suppliers, compared to 43% for all manufacturing companies.

In light of Brexit it should be noted that the UK market continues to be a critical export destination for the agri-food sector. Ireland and especially the Meath Gaeltacht, where 14.4% of its employment comes from this sector, needs to seize any and all opportunities that may arise from the United Kingdoms exit from the EU. Funding can be sought from Údarás na Gaeltachta and Enterprise Ireland in relation to planning/ market discovery and agile funding to enable these companies to be Brexit ready.

While Údarás na Gaeltachta cannot support primary production, incentives are available to promote value added products and services such as food processing etc. There is a thriving food and drink sector in the Gaeltacht nationally with many clientcompanies receiving national and international acclaim for their Gaeltacht produce. Fóram Fiontraíochta na Mí believes that the agri-food sector can be developed and grown in the Meath Gaeltacht through collaboration and support of surrounding stakeholders in the Mid East Region.

4.12.3 Engineering

The assessment of Enterprise Ireland of the Engineering industry in Ireland is of a strong and vibrant sector supporting a very broad range of companies in various fields and is a strong contributor to Irish exports. Principle industry sectors include Automotive, Aerospace, Chemicals and Advanced Materials,

Ní raibh a leithéid de dheis mar seo ann riamh go bhforbrófaí Gaeltacht na Mí mar láthair shuntasach turasóireachta domhanda agus braitheann Fóram Fiontraíochta na Mí go mbeadh sé ríthábhachtach go nglacfaidh na geallsealbhóirí uile cur chuige comhpháirtíochta chun a oiread leasa is féidir a fháil ón deis.

Ionad Oidhreachta Ghaeltacht na Mí

Ceadaíodh maoiniú tríd an scéim athnuachana bailte agus sráidbhailte 2019 chun ionad oidhreachta a fhorbairt chun léirmhíniú a thabhairt ar Ghaeltacht na Mí. Is ionann ceadú an mhaoinithe seo agus deis iontach don phobal táirge a fhorbairt do thurasóirí áitiúla agus náisiúnta araon chun foghlaim faoin turas a cuireadh i gcrích chun Gaeltacht a bhunú i gceartlár Chontae na Mí sna 1930í. Tá deis ann chomh maith an tairiscint a leathnú le go mbeidh sé ina lárionad chun scéal na teanga náisiúnta a insint chomh maith.

Moltar sa phlean gníomhaíochta tacú leis an dá thionscnamh trí acmhainn a chruthú chun na tionscnaimh a bhrú chun cinn sna pobail.

4.12.2 An Earnáil Agraibhia

Tá an earnáil agraibhia ar cheann de na hearnálacha dúchasacha déantúsaíochta is tábhachtaí in Éirinn agus de réir thuarascálacha eisithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2017, is ionann fostaíocht san earnáil agus 173,400 post, nó 8.6% den fhostaíocht iomlán, ar an meán in 2016, agus tá roinnt comhathruithe séasúracha i gceist de réir. Bhí 112,900 duine fostaithe sna hearnálacha príomha talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaigh, agus tá an chuid eile fostaithe sa phróiseáil bia (51,900), deochanna (4,700), agus próiseáil adhmhaid (4,000).

Tá beagnach 700 fiontar bia agus dí ar fud na tíre a easpórtálann bia agus bia mara chuig breis agus 160 tír ar fud an domhain. Tá toradh i bhfad níos mó ag baint le gníomhaíochtaí geilleagracha san earnáil talmhaíochta agus bia ná mar a bhaineann le gníomhaíochtaí coibhéseacha in earnálacha trádáilte eile den gheilleagar. Tá sé seo amhlaidh mar gheall go bhfaigheann comhlachtaí agraibhia 74% d'amhábhair agus seirbhísí ó sholáthraithe in Éirinn, i gcomparáid le 43% i gcás gach comhlacht déantúsaíochta.

I bhfianaise an Bhreathimeachta, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil margadh na Ríochta Aontaithe fós ina cheann scríbe ríthábhachtach easpórtála don earnáil agraibhia. Is gá d'Éirinn, agus do Ghaeltacht na Mí go háirithe, áit a bhfuil 14.4% den fhostaíocht san earnáil seo, gach deis a thapú a d'fhéadfadh teacht aníos mar gheall ar imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. Féadtar maoiniú a lorg ó Údarás na Gaeltachta agus Fiontraíocht Éireann i ndáil le pleanáil/aimsiú margaí, maoiniú 'Agile' chun cur ar chumas na gcomhlachtaí seo a bheith réidh don Bhreathimeacht.

Cé nach bhféadann Údarás na Gaeltachta tacú le táirgeacht phríomhúil, tá dreasachtaí ar fáil chun táirgí agus seirbhísí breisluacha a chur chun cinn amhail próiseáil bia srl. Tá an earnáil bia agus dí ag dul ó neart go neart sa Ghaeltacht go náisiúnta agus tá cuid mhaith clientchomhlachtaí ag fáil aitheantais náisiúnta agus idirnáisiúnta as ucht a dtáirgí Gaeltachta. Creideann Fóram Fiontraíochta na Mí go bhféadtar an earnáil agraibhia a fhorbairt agus a fhás i nGaeltacht na Mí trí chomhoibriú le agus tacaíocht do gheallsealbhóirí máguaird i Réigiún an Lár-Oirthir.

4.12.3 Innealtóireacht

Is é an measúnú atá déanta ag Fiontraíocht Éireann ar thionscal innealtóireachta na hÉireann ná gur earnáil láidir bhríomhar í a thugann tacaíocht do réimse an-leathan comhlachtaí i réimsí éagsúla agus tá ionchur mór aici ar easpórtálacha na hÉireann. I measc na bpríomhearnálacha tá na hearnálacha mótarfheithiclí,

Industrial Automation and Engineering Services. While retaining strengths in traditional industries like agri-business and sub-supply, Irish companies are now successfully exporting products and services in sectors such as cleantech and green technology.

Údarás na Gaeltachta has been focussing its efforts on implementing a programme of energy conservation in the Gaeltacht and helping communities and businesses make more efficient use of energy by lowering their energy usage and costs. Údarás na Gaeltachta in collaboration with SEAI, provide support to businesses, community groups and individuals for the preliminary stages of establishing renewable energy enterprises which include wind and solar energy, biomass-based projects and energy-serving systems.

Opportunities arise in relation to the development of technologies and solutions both within the agri. and engineering sectors with a view of reducing carbon emissions and meeting EU targets.

4.12.4 Tech Sector

The tech sector is a global industry which relates to the research, development and/or distribution of technologically based goods and services. This sector contains businesses revolving around the manufacturing of electronics, creation of software, computers or products and services relating to information technology.

Ireland has become the global technology hub of choice when it comes to attracting the strategic business activities of ICT companies. This has earned Ireland the reputation for being the heart of ICT in Europe. The industry employs over 37,000 people and generates €35 billion in exports annually.

Global leaders such as Intel, HP, IBM, Microsoft and Apple have long-established operations in Ireland. They have been joined by newer leading-edge giants such as Google, Facebook, LinkedIn, Amazon, PayPal, eBay and Twitter. Dublin is Europe's leading hub of innovative games companies with Big Fish, EA, Havok, DemonWare, PopCap, Zynga, Riot Games and Jolt all having a significant presence here.

The development of a **gteic** innovation and digital hub will enable Údarás na Gaeltachta to attract and develop the tech sector within the Meath Gaeltacht. Meath County is one of the largest commuter counties with Meath County Council estimating over 33,000 outbound commuters leaving the county on a daily basis. The **gteic** hub will enable a small number of these commuters to transfer their Dublin desk to their home area which will increase their productivity, reduce stress and enrich their work/life balance. It is estimated that there are over 200,000 people working remotely at home or in hubs at present. The long-term objective is to develop an entrepreneurial hub to accommodate new businesses alongside remote workers that will be connected not only to the world but to Gréasáin Digiteach na Gaeltachta, local Meath hubs, other national and international hubs.

4.13. Implementation

Fóram Fiontraíochta na Mí agreed that it was important to establish an implementation group to support and monitor the implementation of the action plan within this report and to report annually to the Fóram. The implementation group will monitor and support the implementation of the Report and Action Plan, under the stewardship of the Enterprise and Employment Manager and Western Regional Manager of Údarás na Gaeltachta and its membership will include local Údarás na Gaeltachta board members and the Manager of Comharchumann Ráth Chairn. The implementation group will meet quarterly to progress actions outlined and issue six monthly report to the forum which will meet on an annual basis.

aeraspás, ceimiceáin agus sain-ábhair, uathoibriú tionsclaíoch agus seirbhísí innealtóireachta. Fad is atá na láidreachtaí á gcoinneáil sna tionscail thraidisiúnta amhail agraibhia agus fosholáthar, tá comhlachtaí Éireannach anois ag easpórtáil táirgí agus seirbhísí go rathúil in earnálacha amhail teicneolaíocht ghlan agus teicneolaíocht ghlas.

Tá Údarás na Gaeltachta ag díriú a chuid iarrachtaí ar chlár caomhnaithe fuinnimh a fheidhmiú sa Ghaeltacht agus ar chabhrú le pobail agus le gnóthaí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as fuinneamh trína n-úsáid agus costais fuinnimh a ísliú. I gcomhar le SEAI, tá Údarás na Gaeltachta ag tacú le gnóthaí, grúpaí pobail agus daoine aonair le haghaidh na réamhchéimeanna chun fiontair fuinnimh inathnuaithe a bhunú, lena n-áirítear fuinneamh gaoithe agus gréine, tionscadail bithmhais-bhunaithe agus córais sábhála fuinnimh.

Tagann deiseanna aníos i ndáil le forbairt teicneolaíochtaí agus réiteach taobh istigh de na hearnálacha agraibhia agus innealtóireachta d'fhonn astaíochtaí carbóin a laghdú agus spriocanna AE a bhaint amach.

4.12.4 An Earnáil Teicneolaíochta

Tionscal domhanda is ea an earnáil teicneolaíochta a bhaineann le taighde, forbairt agus/nó dáileadh ar earraí agus seirbhísí teicneolaíocht-bhunaithe. San earnáil seo tá gnóthaí a phléann le déantúsaíocht leictreonaice, cruthú bogearraí, ríomhairí nó táirgí a bhaineann le teicneolaíocht na faisnéise.

Tá Éire anois ina rogha mol teicneolaíochta domhanda ó thaobh gníomhaíochtaí straitéiseacha gnó chun comhlachtaí TFC a mhealladh. Mar gheall air seo tá cáil ar Éirinn mar chroílár an TFC san Eoraip. Fostaíonn an tionscal breis agus 37,000 duine agus gineann €35 billiún in easpórtálacha gach bliain.

Tá oibríochtaí fad-bhunaithe ag ceannairí tionscail domhanda amhail Intel, HP, IBM, Microsoft agus Apple in Éirinn. Tá roinnt d'fhathaigh mhóra cheannródaíochta eile tar éis teacht chomh maith, amhail Google, Facebook, LinkedIn, Amazon, PayPal, eBay agus Twitter. Tá Baile Átha Cliath ar an mol is mó chun tosaigh san Eoraip ó thaobh comhlachtaí nuálacha cluichí, agus tá láithreach shuntasach anseo ag Big fish, EA, Havok, DemonWare, PopCap, Zynga, Riot Games agus Jolt.

Le forbairt an mhoil nuálaíochta agus dhigitigh **gteic**, beidh Údarás na Gaeltachta in ann an earnáil teicneolaíochta mhealladh go Gaeltacht na Mí agus í a fhorbairt. Tá Contae na Mí ar cheann de na contaetha comaitéireachta is mó agus measann Comhairle Contae na Mí go bhfuil breis agus 33,000 comaitéirí ag fágáil an chontae ar bhonn laethúil. Leis an mol **gteic**, beidh cuid bheag de na comaitéirí seo in ann a ndeasc i mBaile Átha Cliath a mhalartú le deasc ina gceantar baile, rud a mhéadóidh a dtáirgiúlacht, a laghdóidh strus agus a fheabhsóidh a gcothromaíocht oibre-saoil. Meastar go bhfuil breis agus 200,000 duine ag obair ó chian sa bhaile nó i moil faoi láthair. An cuspóir fadtéarmach ná mol fiontraíochta a fhorbairt a chuirfeadh cóiríocht ar fáil do ghnóthaí nua taobh le cianoibrithe a bheidh ceangailte, ní amháin leis an ngréasán domhanda, ach le Gréasán Digiteach na Gaeltachta, le moil áitiúla i gContae na Mí, le moil náisiúnta agus idirnáisiúnta eile.

4.13. Feidhmiú

D'aontaigh Fóram Fiontraíochta na Mí go raibh sé tábhachtach grúpa feidhmithe a bhunú chun tacaíocht a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean gníomhaíochta sa tuarascáil seo agus chun tuairiscí a dhéanamh ar bhonn bliantúil don Fhóram. Déanfaidh an grúpa feidhmithe monatóireacht ar agus tabharfaidh tacaíocht do fheidhmiú na Tuarascála agus an Phlean Gníomhaíochta, faoi stiúir Bhainisteoir Fiontraíochta agus Fostaíochta agus Bainisteoir Réigiúnach an Iarthair in Údarás na Gaeltachta agus san áireamh ann beidh comhaltaí áitiúla Boird Údarás na Gaeltachta agus Bainisteoir Chomharchumann Ráth Chairn. Buailfidh an grúpa feidhmithe le chéile ar bhonn ráithiúil chun gníomhaíochtaí a leagtar síos a bhrú chun cinn agus chun tuairisc a eisiúint don fhóram gach sé mhí. Buailfidh an fóram le chéile ar bhonn bliantúil.

Appendix 1

Consultations carried out with Fóram members and other stakeholders was summarised in detail and arranged to suit the format of a SWOT analysis on the Meath Gaeltacht.

Strengths	Weaknesses
<ul style="list-style-type: none"> • Strong and active communities • Strong Gaeltacht Culture and Irish Language Culture • Educated community • Full employment • Proximity to Greater Dublin Metropolitan area • Well established companies in the area • Good Broadband in the area • Well established festivals/Irish College 	<ul style="list-style-type: none"> • Proximity to Greater Dublin Metropolitan Area • Lack of Enterprise Space in the area • Lack of Accommodations/activities for tourists and Irish scholars • Full employment • Low level of emerging entrepreneurs/new proposals
Opportunities	Threats
<ul style="list-style-type: none"> • Develop new Business Space (gteic) • Encourage Entrepreneurship through Enterprise/Business Courses • Build on the co-operation/joint venture with the members of the Fóram • Develop Cultural Tourism Activities - develop festivals/develop a variety of language courses – Develop a unique visitor experience • Help further development of the established companies • A high percentage of the people of Meath driving to Dublin on a daily basis - develop opportunities for remote working • Brexit • Apply for REDF or RRDF schemes to develop enterprise space 	<ul style="list-style-type: none"> • The view that there are better opportunities in Dublin City - a low level of HPSU in County Meath - entrepreneurs go to Dublin • Brexit • Young people relocating to urban areas or moving abroad • Number of accommodation (beds) falling due to ageing population or families working full-time outside their home • ÚnaG has insufficient resources to build a new office facilities in the short term

Aguisín 1

Maidir le comhairliúcháin a rinneadh le comhaltaí an Fhórait agus le geallsealbhóirí eile, rinneadh achoimre mionsonraithe orthu agus leagadh amach é chun bheith in oiriúint d'fhormáid anailíse SWOT ar Ghaeltacht na Mí.

Láidreachtaí	Laigí
<ul style="list-style-type: none"> • Pobail láidre ghníomhacha • Cultúr láidir Gaeltachta agus Gaeilge • Pobal oilte • Lánfhostaíocht • Gaireacht do Mhórchéantar Chathair Bhaile Átha Cliath • Comhlachtaí fad-bhunaithe sa cheantar • Leathanbhanda maith sa cheantar • Féilte/Coláiste Gaeilge fad-bhunaithe 	<ul style="list-style-type: none"> • Gaireacht do Mhórchéantar Chathair Bhaile Átha Cliath • Easpa spáis fiontraíochta sa cheantar • Easpa lóistín/gníomhaíochtaí do thurasóirí agus do scoláirí Gaeilge • Lánfhostaíocht • Leibhéal íseal fiontraithe/tograí nua ag teacht chun cinn
Deiseanna	Bagairtí
<ul style="list-style-type: none"> • Spás nua gnó a fhorbairt (gteic) • Fiontraíocht a spreagadh trí chúrsaí fiontraíochta/gnó • Tógáil ar chomhoibriú/comfhiontar le comhaltaí an Fhórait • Gníomhaíochtaí Turasóireachta Cultúrtha a Fhorbairt – féilte a fhorbairt/réimse cúrsaí teanga a fhorbairt – eispéireas uathúil a fhorbairt do thurasóirí • Tuilleadh cabhrach a thabhairt d'fhorbairt comhlachtaí bunaithe • Céatadán ard daoine i gContae na Mí ag taisteal go Baile Átha Cliath ar bhonn laethúil - deiseanna a fhorbairt le haghaidh cianobire • An Breatimeacht • Iarratas a dhéanamh ar scéimeanna CAFT/CFRR (RRDF/REDF) chun spás fiontraíochta a fhorbairt 	<ul style="list-style-type: none"> • An tuairim go bhfuil deiseanna níos fearr i gCathair Bhaile Átha Cliath - leibhéal íseal Gnólachtaí Nua-Thionscanta Archumais i gContae na Mí – téann fiontraithe go Baile Átha Cliath • An Breatimeacht • Daoine óga ag athlonnú go ceantair uirbeacha nó ag bogadh thar lear • Líon na leabaí cóiríochta ag titim mar gheall ar an daonra ag dul in aois nó teaghlaigh ag obair go lánaimseartha taobh amuigh den bhaile • Níl a dhóthain acmhainní ag ÚnaG chun áiseanna nua oifige a thógáil sa ghearrthéarma



**Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe.
H91 TY22**

**eolas@udaras.ie
www.udaras.ie
+353 91 503100**

